An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Tuarascáil Bhliantúil 2004

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1

Guthán: (01) 889 6400
Láithreán Gréasáin: www.education.ie
Ríomhphost: info@education.gov.ie

Nollaig 2005

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

Ráiteas Misin

Is é misean na Roinne Oideachais agus Eolaíochta soláthar a dhéanamh don oideachas ardchaighdeáin trína:

- gcuirfear ar chumas daoine aonair a n-achmhainn iomlán a bhaint amach agus a bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí, agus
- gcuideofar le forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch in Éirinn.

Spriocanna Ardleibhéil

Tá na spriocanna ardleibhéil seo a leanas ag an Roinn i mbun an mhisin:

1. Cuirfimid oideachas ar fáil a oireann do riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíocha dhaoine aonair.
2. Tacóimid, tríd an oideachas, le sochaí atá uilechuimsitheach go sóisialta agus inar ionann deis do chách
3. Déanfaimid leas don rathúnas eacnamaíoch, don fhorbairt agus don acmhainn iomaíochta idirnáisiúnta in Éirinn
4. Féachfaimid le feabhas a chur ar chaighdeán agus ar thréithe an oideachais leis an gcleachtas is fearr a chur chun cinn sna seomraí ranga, i scoileanna, sna coláistí agus i lárionaid oideachais eile.
5. Tacóimid le soláthar an oideachais tríd an ardchaighdeán sa phleanáil, i gceapadh beartais agus sa tseirbhís don chustaiméir.

Gníomhaíochtaí

An sainordú atá againn: I dtaca leis na spriocanna ardleibhéil seo, téann an Roinn i mbun réimse leathan oibre lena n-áirítear:

- Pleanáil agus athbhreithniú ar bheartais
- Dearbhú cáilíochta
- Leithdháileadh ar acmhainní daonna agus airgeadais
- Pleanáil agus soláthar maidir leis an mbonneagar oideachais
- Treisiú an oideachais trí chomhoibriú

Clár

Ráiteas Misin 2

Spriocanna Ardleibhéil 2

Ráiteas ón Aire 4

Ráiteas ón Ard-Rúnaí 5

Na Príomhstaitisticí Oideachais 7

Gníomhaíochtaí 11

Sprioc Ardleibhéil 1 – Riachtanais an duine a shásamh 11

Cuirfimid oideachas ar fáil a oireann do riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíocha dhaoine aonair

Sprioc Ardleibhéil 2 - Tacú leis an sochaí uilechuimsitheach 19

Tacóimid, tríd an oideachas, le sochaí atá uilechuimsitheach go sóisialta agus inar ionann deis do chách.

Sprioc Ardleibhéil 3 – Cur leis an rathúnas eacnamaíoch 29

Déanfaimid leas don rathúnas eacnamaíoch, don fhorbairt agus don acmhainn iomaíochta idirnáisiúnta in Éirinn

Focus – Uachtaránacht an AE 31

Sprioc Ardleibhéil 4 – Caighdeáin agus cáilíocht a fheabhsú 34

Féachfaimid le feabhas a chur ar chaighdeán agus ar thréithe an oideachais leis an gcleachtas is fearr a chur chun cinn sna seomraí ranga, i scoileanna, sna coláistí agus i lárionaid oideachais eile.

Focus - Tionscadal Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí Choláiste Nua Náisiúnta Muirí na hÉireann 42

Sprioc Ardleibhéil 5 – Forbairt a dhéanamh ar an gcumas beart a thabhairt i gcrích 44

Tacóimid le soláthar an oideachais tríd an ardchaighdeán sa phleanáil, i gceapadh beartais agus sa tseirbhís don chustaiméir.

Próisis Achomhairc 50

Auguisín 1 - Cairt Eagraíochtúil don Roinn 52

Auguisín 2 - Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinn 53

Auguisín 3 - Eolaire Maidir le Pointí Teagmhála 54

Auguisín 4 - NDP/CSF 60

Ráiteas ón Aire

Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil mo Roinne do 2004 a fhoilsiú. Ba bhliain suntasach é don Roinn agus don chóras oideachais. Bhí Uachtaránacht an Aontais Eorpaigh ag Éirinn ó Eanáir go dtí deireadh an Mheithimh. I rith na tréimhse seo, cuireadh chun cinn roinnt gnóthaí a rachaidh i gcion go criticiúil ar straitéisí oideachasúla san Aontas Eorpach amach anseo. Rinneadh mórán dul chun cinn ar "Europass" – is é sin creatlach amháin a fhorbairt le haghaidh trédhearcachta cailíochtaí agus inniúlachtaí ar fud na hEorpa. Céim mhór eile ar aghaidh a tógadh le linn Uachtaránachta na hÉireann ab ea glacadh leis an gComh-Thuairisc Eatramhach ar ghnéithe oideachasúla agus oiliúna Straitéise Lisbon. Is é is aidhm leis an Straitéis ná a chinntiú go mbeidh an tAontas Eorpach ar an eacnamaíocht bunaithe ar eolas is dinimiciúla agus is iomaíche ar domhan faoi 2010.

Na céimeanna ar aghaidh seo i gcumadh an pholasaí oideachais ag leibhéal an Aontais Eorpaigh, léiríonn siad tábhacht an oideachais do leas sóisialta agus eacnamaíoch na saoránach go léir. Ní mór a chuimhneamh áfach gurb é príomh-aidhm an oideachais, cé go bhfuil sé dianriachtanach don fhorbairt eacnamaíoch, ná deis a thabhairt do gach duine a (h)acmhainn iomlán fhéin a thabhairt i gcrích mar dhuine aonair agus mar bhall den chomhluadar. Is é seo croí-lár na hoibre a dhéanann mo Roinn.

I 2004 leanamar ar aghaidh le forbairt réimse leathan bearta chuimsithe shóisialta. Is é is aidhm leis na bearta ná comhionannas deiseanna a sholáthar do dhaoine nach mbeadh in ann leas iomlán a bhaint as an gcóras oideachais ina éagmais. Is é an dúshlán faoi leith ná na bearta a chomhtháthú sa tslí go bhfuil fíor-fheabhsúcháin infhíoraithe ag teacht astu. Rinneadh obair ullmhúcháin i 2004 ar chomhtháthú bearta chuimsithe shóisialta agus mar bhuaic ar an obair sin foilsíodh 'Plean Gníomhaíochta na Roinne ar Mhí-Bhuntáiste' i 2005. Tá sé ina thosaíocht ag mo Roinn i gcónaí bearta chuimsithe shóisialta a chur i gcrích.

Leanamar orainn chomh maith ag déanamh dul chun cinn maidir le páistí le riachtanais speisialta. Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta in Eanáir 2004 agus ceapadh Eagraitheoirí Riachtanas Oideachais Speisialta d'fhonn a chinntiú go bhféadfar seirbhísí a chur ar fáil go pras nuair atáthar tar éis a chinneadh go bhfuil riachtanas speisialta oideachais ag páiste.

Tugann an Tuarascáil Bhliantúil seo cur síos ar an dul chun cinn atá ag leanúint ar aghaidh i dtreo na spriocanna ard-leibhéil a leagadh amach in ár Ráiteas Straitéise 2003-2005. Thar mo cheann féin, thar cheann mo chomhleacaí, Noel Dempsey, a bhí ina Aire ar feadh an chuid is mó de 2004, agus thar cheann mo chomhleacaithe Síle deValera agus Brian Lenihan, Airí Stáit, ba mhaith liom ár mbuíochas a ghabháil d'fhoireann na Roinne uile as na h-iarrachtaí atá déanta acu ó shoin i leith ár spriocanna ard-leibhéil a chur i gcrích.

Mary Hanafin, T.D.
Aire Oideachais agus Eolaíochta

Ráiteas ón Ard-Rúnaí

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2004 an Roinn Oideachais agus Eolaíochta a chur i láthair agus tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis na cuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2003/2005 a shroicheadh.

Ó foilsíodh Tuarascáil Cromien in 2002, tá clár suntasach d'athruithe struchtúrtha curtha i bhfeidhm ag an Roinn. Bhí mórfhorbairtí breise ann in 2004 lena n-áirítear Eagróirí um Riachtanais Speisialta Oideachais a cheapadh ar an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Faoi dheireadh 2004, bhí naoi gcinn de dheich oifig réigiúnach na Roinne in áit ag soláthar pointe áitiúil don phobal i gcoitinne le teacht ar eolas agus comhairle ón Roinn. Chuathas níos faide le bunú na Comhairle Teagaisc nuair a toghadh comhaltaí in 2004.

An dúshlán atá os comhair na Roinne ná a chinntiú go gcuirtear príomhchuspóirí an chláir athchóirithe struchtúrtha i gcrích, ie., feabhsuithe ar bheartas agus cumas meastóireachta na Roinne chomh maith le feabhsú leanúnach ar sheachadadh na seirbhísí. Rinneadh feabhsuithe móra i seachadadh seirbhísí i réimsí mar Phárolla agus Pleanáil agus Tógáil Scoileanna. Faoi thionscnaimh mar an Scéim Oibreacha Samhraidh faigheann scoileanna an t-údarás tabhairt faoi agus bainistíocht a dhéanamh ar oibreacha tógála ar an mionchóir agus tá fáilte curtha rompu ag bainisteoirí scoile.

Fógraíodh clár díláraithe na Roinne i Nollaig 2003. Cuireadh tús, in 2004, le hobair ar an bplean feidhmithe do dhílárú oifigí na Roinne go Baile Átha Luain agus an Muileann gCearr. Le linn phleanáil agus fheidhmiú an díláraithe, déanfaidh an Roinn a dícheall a chinntiú go ndéantar soláthar do phríomhchuspóirí an bheartais oideachais agus go mbíonn seirbhísí den scoth le fáil ag custaiméirí i gcónaí.

Le huachtaránacht an AE i gcaitheamh an chéad 6 mhí de 2004, bhí gá le leibhéal ollmhór tiomantais ón bhfoireann a rinne a seacht ndícheall le hÉire a chur chun cinn mar thír atá lárnach do fhorbairt bheartais idirnáisiúnta oideachais. I dTuarascáil Bhliantúil 2004 gheofar gné-alt ar an obair a rinneadh le linn na huachtaránachta ar an AE. Léiríonn an tuarascáil chomh maith an dul chun cinn leanúnach i ngach cuid den Roinn maidir le sroicheadh na spriocanna ardleibhéal atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an bhfoireann sa Roinn as a dtiomantas agus as an méid a rinne siad ar mhaithe le dul chun cinn in 2004.

Brigid McManus
Rúnaí Ginearálta

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

Na Príomhstaitisticí Oideachais

Timpeallacht luaineach an oideachais

Déanann oideachas den scoth a bheith ar fáil leas ó thaobh sásamh pearsanta agus pobal dlúth chomh maith le dul chun cinn cultúrtha agus eacnamaíoch.

Athruithe Déimeagrafacha

Idir 1979/80 agus 2003/04, tháinig athrú ollmhór ar líon na ndaltaí ag gach leibhéal. Ag an mbunleibhéal, tháinig laghdú de 18 % ar an líon, rud a léiríonn athrú déimeagrafach in Éirinn. Ag an dara leibhéal, tháinig ardú de 16 % ar an líon, figiúr a léiríonn an ráta freastail níos airde ar an oideachas iar-éigeantach, agus ag an tríú leibhéal tháinig méadú níos mó ná faoi thrí ar an líon ó bheagnach 37,000 go dtí beagnach 134,000.

Ag an mbunleibhéal, tháinig laghdú ar líon na ndaltaí ar an rolla go dtí an bhliain 2000/01 ach tháinig ardú air sin arís gach bliain ó shin. Bunaithe ar na sonraí breithe is déanaí, meastar go leanfaidh an t-ardú seo go ceann 13 bliana ar a laghad agus d'fhéadfadh uimhreacha rolla a bheith chomh hard le figiúirí na bliana 1979/80 ag deireadh na tréimhse sin. Ag an dara leibhéal, bhí ardú ar na huimhreacha rolla go dtí an bhliain 1996/97 agus tá siad ag titim ó shin. Meastar go leanfaidh an laghdú seo ar aghaidh go dtí an bhliain 2007/08 ach ba cheart go dtiocfadh ardú ar na huimhreacha rolla arís ina dhiaidh sin, ag teacht leis an ardú ar na huimhreacha rolla ag an mbunleibhéal.

Ag an tríú leibhéal, tá ardú seasta tagtha ar líon na mac léinn agus meastar go leanfaidh seo ar aghaidh go ceann tamaill eile.

Uimhreacha rolla lánaimseartha de réir Leibhéil



Comparáid Idirnáisiúnta – Slata Tomhais an AE

I mí Bealtaine 2003, shocraigh an Chomhairle Eorpach 5 slat tomhais i réimsí eiseamláireacha pholasaí an oideachais. Seo a leanas na spriocanna don bhliain 2010:

- Ba cheart go mbeadh oideachas sinsearach meánscoile curtha i gcrích ag 85% ar a laghad de na daoine san AE atá 22 bliain d'aois.
- Ba cheart go dtiocfadh laghdú de 20% ar a laghad ar chéatadán na ndaoine 15 bliain d'aois nach bhfuil ag cruthú go maith ó thaobh litearthachta léitheoireachta i gcomparáid leis an mbliain 2000.
- Ba cheart go dtiocfadh ardú de 15% ar a laghad ar líon iomlán na gcéimithe sa mhatamaitic, san eolaíocht agus sa teicneolaíocht san AE agus ag an am céanna ba cheart go dtiocfadh laghdú ar leibhéal na difríochta ó thaobh inscne.
- Ba cheart go mbeadh meánleibhéal na rannpháirtíochta san fhoghlaim ar feadh an tsaoil ar fud an AE ag 12.5% ar a laghad den daonra fásta in aois saothair (an t-aoisghrúpa 25-64).
- Níor cheart go mbeadh meánráta níos mó ná 10% ar fud an AE maidir le daoine a thréigeann an scolaíocht go luath.

Gnóthúchán Oideachais an Daonra

Céatadán an daonra d'aois 20-24 a bhfuil oideachas sinsearach meánscoile ar a laghad curtha i gcrích acu

Tá tábhacht níos mó i gcónaí le hoideachas sinsearach meánscoile (Ardteistiméireacht nó a chomhionann) a chur i gcrích, ní amháin ar mhaithe le dul ar aghaidh go dtí an margadh oibre ach, chomh maith leis sin, le teacht a bheith ag mic léinn ar na deiseanna foghlama agus oiliúna atá ar fáil san ardoideachas. Tá leibhéal an AE ag 76.7% faoi láthair agus leibhéal na hÉireann ag 85.3%, an beagán os cionn Slat Tomhais an AE don bhliain 2010.

Céatadán den daonra d'aois 20-24 a bhfuil Oideachas Sinsearach Meánscoile ar a laghad curtha i gcrích acu (2004)



Céatadán na ndaltaí le hoillteacht sa litearthacht léitheoireachta

Tá gá ag gach duine le bunsraith inniúlachtsí agus scileanna ar mhaithe le fostaíocht, uilechuimsitheacht shóisialta, foghlaim ar feadh an tsaoil agus sásamh pearsanta. Léiríonn na sonraí is déanaí, don bhliain 2003, gur sonraíodh 19.8% de dhaltaí d'aois 15 bliain i dtíortha an AE a ghlac páirt i suirbhé CMIML an ECFE a bheith ag cruthú go dona maidir le litearthacht léitheoireachta, i gcomparáid le Slat Tomhais an AE don bhliain 2010. Bhí Éire ar an dara tír is fearr a chruthaigh de thíortha an AE agus gan ach 11% de dhaltaí d'aois 15 bliain á rangú ar na daoine nár chruthaigh go maith.

Céatadán de dhaltaí le leibhéal íseal oillteachta i lithearthacht léitheoireachta (leibhéal 1 agus níos ísle) i scála litearthachta léitheoireachta CMIML (2003)



Líon na gCéimithe Tríú Leibhéal sa Mhatamaitic, san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht

Tá riachtanas le soláthar dóthanach eolaithe i ngeilleagar bunaithe ar an eolas. Ba é 12.2 an meánlíon céimithe tríú leibhéal sa mhatamaitic, san eolaíocht agus sa teicneolaíocht in aghaidh gach 1,000 duine sa daonra d'aois 20-29 san AE sa bhliain 2003. Is í Éire is mó a bhfuil céimithe inti ar fud an AE le 24.2 céimí in aghaidh gach 1,000 duine sa daonra san aoisghrúpa sin.

Líon na gCéimithe Tríú Leibhéal sa Mhatamaitic, san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht in aghaidh gach 1000 den daonra d'aois 20-29, 2003



An céatadán den daonra d'aois 25-64 atá páirteach san oideachas agus san oiliúint

I sochaí an eolais, ní mór do dhaoine aonair a bheith seasta ag coinneáil a gcuid eolais, inniúlachtaí agus scileanna bord ar bhord leis an nuacht agus ag cur feabhais orthu ar mhaithe le teacht chun cinn pearsanta agus gairmiúil. Léirigh an tsuirbhé ar an Lucht Saothair sa bhliain 2004 gurb é 9.9% an meánchéatadán den daonra d'aois 25-64 ar fud an AE atá páirteach san oideachas agus san oiliúint.

7.2% an céatadán i gcás na hÉireann. Tá an dá fhigiúr níos ísle ná Slat Tomhais an AE don bhliain 2010, 12.5%

Céatadán den daonra de dhaoine fásta d'aois 25-64 atá páirteach san oideachas agus san oiliúint



An céatadán den daonra d'aois 18 - 24 ar a bhfuil oideachas sóisearach meánscoile ar a mhéid nach bhfuil ag dul faoi oideachas ná oiliúint

Is den riachtanas é go spreagfaí daoine óga chun dul faoi oideachas iar-éigeantach ar mhaithe le páirt slán a bheith acu sa phobal agus sa mhargadh saothair ó tá na daoine sin a fhágann an scoil le heaspa cáilíochtaí i mbaol a bhfágáil chun deiridh sa saol mhóriomaíochta atá sa lá atá inniu ann.

Tá an meánráta maidir le luathfhágáil scoile san AE fós ard cé go bhfuil sé ag titim de réir a chéile. Sa bhliain 2004, 15.7% an meánráta ar fud an AE agus 12.9% an figiúr i leith na hÉireann. Ina dhiaidh sin féin, tá an dá fhigiúr 10% os cionn Slat Tomhais an AE don bhliain 2010.

An céatadán den daonra d'aois 18-24 le hoideachas sóisearach meánscoile ar a mhéid nach bhfuil ag dul faoi oideachas ná oiliúint



Sprioc Ardleibhéil 1

Riachtanais an duine a shásamh

Cuirfimid oideachas ar fáil a oireann do riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíocha dhaoine aonair

Cuspóir 1.1

Tacófar le hoideachas luathóige ar ardchaighdeán a thabhairt chun cinn agus a thabhairt i gcrích de réir na straitéise a leagtar amach sa Pháipéar Bán ar Oideachas Luath-Óige, Ready To Learn.

Bunaíodh an tIonad um Fhorbairt agus Oideachas Luath-Óige (LFOLO) d'fhonn oideachas na luathóige a thabhairt ar aghaidh agus a chomhordú agus chun comhairle a chur ar fáil don Roinn maidir le ceisteanna polasaí gaolmhara. Sa bhliain 2004, thiomsaigh an LFOLO tuairisc iniúchta, *'On Target? An Audit of Provision of Services Targeting Disadvantage and Special Needs Among Children from Birth to Six Years in Ireland'*. Cuirtear sonraí bonneagair ar fáil sa tuarascáil sin a threiseoidh le breis forbartha ar sheirbhísí.

Forbairt Polasaí

Is cáipéis chomhairliúcháin atá in *'I dTreo Creatoibre don Luathfhoghlaim'* a cuireadh le chéile i gcomhar idir an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus an LFOLO. Dírítear ann ar an bhfoghlaim le linn na luath-óige ó mbreith go mbíonn sé bliana slán. Tugadh an comhairliúchán leo siúd a bhfuil geall acu sa chúram chun críche i mí na Nollag 2004. Tá d'aidhm leis an obair a theacht ar chomhréiteach maidir le creat náisiúnta don luathoideachas.

Seoladh Athbhreithniú de chuid an ECFE ar pholasaí an Oideachais agus an Chúraim don Luath-Óige in Éirinn i mí Meán Fómhair 2004. Tá moltaí á ndéanadh ann maidir le príomhréimsí na rochtana, an chaighdeáin agus an chomhordaithe.

Cláir Réamhscoile

Cuireann cláir réamhscoile, do na daltaí is mó atá i mbaol i gceantair ina bhfuil míbhuntáiste shóisialta, clár oideachais ar fáil a chuireann lena dteacht chun cinn, a sheachnaíonn an teip sa scolaíocht agus a chothromóidh tionchar na míbhuntáiste sóisialta. Sa bhliain 2004, bhí 1,680 dalta ar na rollaí i 40 scoil faoin gClár Tús Luath

Tá 46 réamhscoil speisialta don Lucht Siúil ag freastal ar timpeall is 500 leanbh de chuid an Lucht Siúil. Trí dhíogras deonach den chuid is mó a bunaíodh réamhscoileanna don Lucht Siúil agus fuair siad cúnamh ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an Roinn Sláinte agus Leanaí, eagraíochtaí carthanachta agus oibre deonaí ina dhiaidh sin.

Cuspóir 1.2

Cuirfimid ar chumas bunscoileanna agus scoileanna dara leibhéal oideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil trí réimse cuimsitheach soláthair, lena n-áirítear tacaí airgeadais, foirne agus curaclaim.

Cuireann an Roinn tacaíocht agus cúnamh ar fáil do bhunscoileanna, do scoileanna dara leibhéal agus do CGOnna (Coistí Gairmoideachais). Chomh maith le díriú ar an éileamh ar acmhainní teagaisc agus airgeadais agus ar thacaí curaclaim agus eile, cuirtear an feabhas ar struchtúir oideachasúla chun cinn chomh maith leis an aéifeacht agus an éifeachtúlacht i soláthar na seirbhísí oideachais. Cuirtear clár leanúnach den oiliúint inseirbhíse agus den fhorbairt ghairmiúil ar fáil chomh maith do mhúinteoirí agus do gheallsealbhóirí eile san oideachas.

Tacaí Airgeadais

Oideachas agus Caiteachas Gaolmhar

Rinneadh €6.6billiún de sholáthar i leith earnáil an oideachais sa bhliain 2004. Is i leith na dtrí mhórchlár oideachais, lena luaitear Bunleibhéal, scoileanna Dara Leibhéal agus Oideachas Tríú Leibhéal, a chuirtear an chuid is mó den chiste sin, ionann agus 97% den iomlán, ar fáil. Cuirtear an fuílleach ar fáil do roinnt clár níos lú ná sin a bhaineann le seirbhísí neamhscoile lena n-áirítear leasú scoileanna cónaithe agus gníomhaíochtaí óige agus chultúrtha.

Tugtar sonraí sna táblaí seo a leanas maidir leis an gcaiteacha de réir na bpríomhchlár caiteachais.

Bunleibhéal	€m
Pá Roinne & Fochostais Eile	29.7
Tuarastail & Aoisliúntas	1,907.3
Deontais agus Seirbhísí	222.4
Iompar Scoile	70.8
Caiteachas Caipitil	185.7
Iomlán don Bhunleibhéal	**2,415.9**

Bunleibhéal



An Dara Leibhéal	€m
Pá Roinne & Fochostais Eile	25.0
Tuarastail & Aoisliúntas	1,875.3
Deontais agus Seirbhísí	354.1
Iompar Scoile	39.0
Caiteachas Caipitil	171.2
Iomlán don Dara Leibhéal	**2,464.6**

An Dara Leibhéal



An Tríú Leibhéal	€m
Pá Roinne & Fochostais Eile	6.0
Tuarastail	822.7
Deontais agus Seirbhísí	360.2
Tacaíocht do Mhic Léinn	218.4
Caiteachas Caipitil	96.7
Iomlán don Tríú Leibhéal	**1,504.0**



Caiteachas Reatha ag Praghasanna Seasta 2004

Tháinig ardú níos mó ná a dhá oiread ar an gcaiteachas reatha in aghaidh gach dalta bunscoile (ag praghasanna seasta na bliana 2004) idir an bhliain 1994 agus an bhliain 2004, ardú ó €2,253 go dtí €5,000. I gcás an dara leibhéal, is beag nár ardaigh sé a dhá oiread le hardú ó €3,557 in aghaidh an dalta go dtí €6,788 in aghaidh an dalta. I gcás an tríú leibhéal, d'ardaigh an caiteachas in aghaidh an mhic léinn ó €6,766 go dtí €8,914 i rith na tréimhse céanna.

Seirbhís Párolla

Cuireann an Roinn seirbhís párolla ar fáil d'fhoireann scoile reatha nó ar scor de os cionn 60,000. Tharla roinnt athruithe i rith na bliana 2004, ina measc iad seo a leanas:

- Íoctar 500 airíoch agus clóscríobhaí cléireachais atá fostaithe i mbunscoileanna agus i scoileanna dara leibhéal trí sheirbhís párolla na Roinne anois. Tagann sin in áit chórais mhíshásúil ina ndéantaí an obair sin de láimh.
- Cuireadh scéim aoisliúntais éigeantach ar bun do Chúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe i gcóras na mbunscoileanna.Cuireadh tús leis an asbhaint pinsin i mí Aibreán 2004.Baineann éifeacht na scéime leis an tréimhse ó mhí na Nollag 2001.
- Athraíodh múinteoirí atá ar scor ó bhunscoileanna, meánscoileanna agus scoileanna pobail/cuimsitheacha ó phá-rolla míosúil go párolla coicísiúil i mí Meitheamh. Tá na pá-rollaí ar fad á riaradh ar bhonn na coicíse anois.

Foireann na Scoileanna

Soláthar Múinteoirí Bunscoile

Cruthaíodh líon mór postanna nua le blianta beaga anuas i bhfianaise na dtionscnamh d'fhonn laghdú a chur ar líon na ndaltaí sa rang, freastal ar dhaltaí i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste agus chun soláthar a dhéanamh dóibh siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Fágann sin éileamh níos mó ar mhúinteoirí bunscoile oilte. Sa bhliain 2004 glacadh isteach 1,280 mac léinn sna Colaistí Oiliúna.

1,000 mac léinn a tógadh isteach ar gcúrsa bunchéime 3 bliana agus glacadh le 280 mac léinn ar an gcúrsa iarchéime 18 mí. Bhí 3,500 mac léinn in iomláine ag freastal ar na gcoláistí sa bhliain 2004.

Bronnadh an Dioplóma Iarchéime sa Bhunoideachas i gColáiste Hibernia ar 400 mac léinn sa bhliain 2004.

Bhí 26,100 post múinteoireachta sna bunscoileanna i mí na Nollag 2004. 17.21:1 an cóimheas daltaí in aghaidh múinteoirí don scoilbhliain 2004/05 (Líon iomlán na ndaltaí: múinteoirí).

Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (SCG)

Tugtar aitheantas go sealadach do bhunmhúinteoirí a fuair a gcuid oiliúna taobh amuigh den Stát go ceann tréimhse cúig bhliana go mbaintear amach cáilíocht sa Ghaeilge – Scrúdú Cáilíochta sa Ghaeilge (SCG).Foilsíodh siollabas teanga agus lámhleabhar scrúdaithe sa bhliain 2004 tar éis athbhreithniú ar an SCG. Caithfidh iarrthóirí pas a bhaint amach sna ceithre mhodúl den SCG taobh istigh de chúig bliana ón am a dtugtar an t-aitheantas sealadach. Caithfidh iarrthóirí freastal ar chúrsa faofa Gaeltachta trí seachtaine chomh maith.Sheas os cionn 300 duine ceann nó níos mó ná ceann de na ceithre mhodúl sa bhliain 2004.

Soláthar Múinteoirí Dara Leibhéal

Bhí 25,609 múinteoir lánaimseartha nó a chomhionann (comhionann le post teagaisc lánaimseartha) sa chóras dara leibhéal sa scoilbhliain 2003/04. 13.53:1 an cóimheas dalta le múinteoir san earnáil sin anois.

Ionadaithe Foirne agus Tuismitheoirí a Thoghadh ar na Coistí Gairmoideachais/CGO

Eagraíodh an chéad toghchán díreach d'ionadaithe foirne agus tuismitheoirí ar na CGOnna ar an 8 Deireadh Fómhair 2004 de réir théarmaí *Acht Gairmoideachais (Leasú) 2001*.

Is féidir le foireann CGO agus tuismitheoirí/caomhnóirí dhaltaí faoi aois 18 bliain atá cláraithe i scoil nó ionad oideachais aitheanta de chuid an CGO beirt chomhalta, fear amháin agus bean amháin, a thoghadh ar gach ceann den 33 CGO.

Seo é an chéad uair a raibh an deis ag ionadaithe na dtuismitheoirí, fhoireann an CGO agus leasa pobail ábhartha eile freastal ar na CGO ar an mbonn céanna le comhaltaí tofa de na húdaráis áitiúla.

Forbairtí Curaclaim agus Tacaí Oiliúna

Forbairtí Curaclaim agus Tacaí Oiliúna

Tá cúram ar an Roinn maidir le trí ghné ghaolmhar d'oideachas agus d'fhorbairt mhúinteoirí: oideachas réamhsheirbhíse, oiliúint ionduchtaithe/inseirbhíse agus forbairt ghairmiúil leanúnach. Cuirtear an t-oideachas réamhsheirbhíse ar fáil trí na Coláistí Oiliúna agus na hOllscoileanna. Tugtar an oiliúint inseirbhíse i gcrích trí líonra náisiúnta na Lárionad Tacaíochta Oideachais. Tá siad seo a leanas i measc ghnéithe na gclár éagsúil:

- Cláir ionduchtaithe do mhúinteoirí nuacháilithe
- Oiliúint inseirbhíse náisiúnta tar éis réimsí curaclaim a leasú nó réimsí nua a thabhairt chun cinn.
- Seirbhísí tacaíochta náisiúnta do réimsí ábhar agus do chláir na Sraithe Sóisearaí agus Sinsearaí
- Réimsí ar nós pleanáil d'fhorbairt ar scoileanna agus riachtanais speisialta.

Sa bhliain 2004, d'fhreastail isteach is amach le 80,000 rannpháirtí ar na cúrsaí.

Seirbhísí Tacaíochta don Churaclam Bunscoile

Treisíonn Clár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile le cur i bhfeidhm an churaclaim leasaithe sna bunscoileanna. Chomh maith le clár cuimsitheach san fhorbairt ionghairme, tá seirbhís taca leanúnach á chur ar fáil ag Cuiditheoirí a chuireann tacaíocht ar fáil bunaithe sna scoileanna féin ar bhonn réigiúnach. Tar éis bliain athbhreithnithe agus dlúis sa bhliain 2003, cuireadh tús leis an oiliúint ar churaclam leasaithe na bunscoile arís le réimsí an Cheoil agus an Chorpoideachais sa bhliain 2004-2005.

Seirbhísí Tacaíochta do Scoileanna Dara Leibhéal

Ag an leibhéal iarbhunoideachais, cuireann Seirbhís Tacaíochta don Dara Leibhéal tacaíocht leanúnach iar-chur-i-bhfeidhm ar fáil i roinnt réimsí ábhar: Clár na hIdirbhliana, Clár Gairme na hArdteistiméireachta, Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí, Béarla, Fisic agus Ceimic na hArdteistiméireachta, Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh agus Oideachas Saoránach Sóisialta agus Polaitiúil. Tugadh an dianchlár inseirbhíse náisiúnta don Bhitheolaíocht, don Eacnamaíocht Bhaile agus do Mhatamaitic an Teastais Shóisearaigh chun críche i rith na bliana 2004 agus táthar ag leanacht de leibhéal teoranta tacaíochta.

Lean cláir náisiúnta inseirbhíse ar aghaidh i rith na bliana 2004 i réimsí an churaclaim iarbhunoideachais a ndearnadh leasú ar na siollabais iontu, Stair agus Tíreolaíocht na hArdteistiméireachta, Eolaíocht an Teastais Shóisearaigh, Corpoideachas agus Oideachas Reiligiúnda.

Múinteoirí, ar iasacht ar bhonn lánaimseartha go ceann líon áirithe blianta, atá ar fhoireann na seirbhísí tacaíochta ag leibhéal na bunscoile agus an iarbhunoideachais.

Oiliúint ar Riachtanais Speisialta

Bunaíodh an tSeirbhís Tacaíochta um Oideachas Speisialta i mí Meán Fómhair 2003 d'fhonn oiliúint inseirbhíse agus tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna ar fud na tíre.

Tá leathnú mór tagtha ar na cláir ionduchtaithe do mhúinteoirí acmhainne nua-cheaptha sna ceithre choláiste oiliúna.

Cuireadh leathnú ó mhí Mheán Fómhair 2004 ar aghaidh ar an gclár iarchéime SEN do mhúinteoirí (Oideachas Speisialta ginearálta, Uathachas agus Máistreacht san SEN) a bhfuil baint ag na ceithre Choláiste Oiliúna agus ag Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath leis. Tháinig ardú ar líon na n-ionad maoinithe atá ar fáil ó 25 sa bhliain 2000 go dtí 160 sa bhliain 2004.

Forbairt Cheannaireachta do Scoileanna

Is Clár Náisiúnta é Forbairt Cheannaireachta do Scoileanna a bunaíodh d'fhonn an cheannaireacht i scoileanna a chur chun cinn. Tá an Clár bunaithe in Ionad Oideachais an Chláir, Inis, Co. an Chláir. Sa bhliain 2004, bhí an bhéim ar an gclár Misneach do Phríomhoidí nuacheaptha i mbunscoileanna agus scoileanna iarbhunoideachais.

Treoirlínte do Scoileanna Iarbhunoideachais faoi Chosaint Leanaí

Eisíodh Treoirlínte do Scoileanna Iarbhunoideachais faoi Chosaint Leanaí, a cuireadh le chéile i gcomhairle leis na gcomhpháirtithe Oideachais, chuig na scoileanna i rith na bliana 2004, ag teacht in ionad threoirlínte na bliana 1992. Leagtar amach sna Treoirlínte nósanna imeachta soiléire do mhúinteoirí agus do bhaill foirne eile na scoile atá in amhras faoi mhí-úsáid linbh a bheith ag tarlú nó a gcuirtear in iúl dóibh é. Déanann Duine Idirchaidrimh Sonraithe, ar ball sinsearach d'fhoireann na scoile atá ann/inti, an caidreamh le háisínteachtaí seachtracha agus is duine acmhainné é/í ag aon bhall foirne eile nó oibrí deonach a bhfuil ábhar buartha acu mar gheall ar chosaint linbh. Cuireadh tús le clár d'oiliúint inseirbhíse do Dhaoine Idirchaidrimh Sonraithe i mí na Samhna 2004.

Tionscnamh Fheabhsúchán Treorach

Tugadh an clár seo isteach sa bhliain 2001 ar feadh tréimhse trí bliana d'fhonn cuidiú le scoileanna dara leibhéal bealaí nua a thabhairt chun cinn trína gcuirfí leis an treoir faoi thrí cheannteideal:

- cuidiú le scoileanna ag tabhairt faoi luathfhágáil scoile
- roghnú ábhair eolaíochta sa tsraith shinsearach a chur chun cinn
- ceangal idir scoileanna, lucht gnó, eagraíochtaí deonacha, áisínteachtaí stáit agus áitiúla a fhorbairt.

Cuireadh iomlán de 50 post nó comhionann poist lánaimseartha ar fáil i scoileanna sa bhliain 2001-2002 a raibh tairbhe ag 103 scoil astu. Sa bhliain 2004, cuireadh síneadh dhá bhliain eile leis an clár. Tá 181 scoil páirteach ann anois agus iomlán de 80 post nó comhionann poist lánaimseartha i gceist.

Seirbhís Iompair Scoile

Cuirtear seirbhís ar fáil gach lá den scoilbhliain leis an tSeirbhís Iompair Scoile do thart ar 138,000 dalta, beagnach 8,500 leanbh le riachtanais speisialta ina measc. Úsáidtear níos mó ná 3,000 feithicil ar 5,750 bealach chuig bunscoileanna agus iarbhunscoileanna. Bus Éireann a ritheann an Scéim thar ceann na Roinne. Ag an dara leibhéal, cabhraíonn Príomhfheidhmeannaigh na gCGO le Bus Éireann trí ghníomhú mar Oifigigh Idirchaidrimh Iompair.

Cuspóir 1.3

Déanfaimid tionscnaimh éagsúla atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do leanaí le riachtanais speisialta a bhainistiú, a mhaoirsiú agus a acmhainniú agus déanfaimid seirbhís chuimsitheach, éifeachtach agus éifeachtúil a thabhairt chun cinn i bhfianaise an chleachtais idirnáisiúnta is fearr.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)

Bunaíodh an CNOS de bhun an Ordú Aire i ndeireadh na bliana 2003. Is iad na príomhrólanna atá aici:

- Taighde a dhéanamh agus sainchomhairle a chur ar fáil don Aire maidir le riachtanais oideachais leanaí faoi mhíchumas agus soláthar na seirbhísí a bhaineann leo sin
- Réimse seirbhísí a chur ar fáil ag an leibhéal áitiúil agus an leibhéal náisiúnta d'fhonn go dtabharfar faoi deara riachtanais oideachais na leanaí faoi mhíchumas agus go ndéanfar soláthar dá réir
- Comhordú a dhéanamh leis na húdaráis sláinte, scoileanna agus comhlachtaí eile a bhaineann le hábhar maidir le soláthar an oideachais agus na seirbhísí taca a bhaineann leis do leanaí faoi mhíchumas.

Oibreoidh an Chomhairle faoi threoir polasaí ginearálta an Aire ach beidh acmhainní aici agus cúram uirthi maidir le ról ceannródaíochta a chur di i soláthar na seirbhísí oideachais do leanaí faoi mhíchumas.

I rith na bliana 2004, lean an Chomhairle den phróiseas maidir leis na struchtúir oibre a chur ar bun agus an fhoireann is gá chun feidhmiú le héifeacht a earcú. Faoi dheireadh na bliana 2004, bhí 71 Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais (ERSO) fostaithe agus lonnaithe ar fud na tíre. Cuirfidh na heagraithe a bheith lonnaithe sa cheantar áitiúil ar a gcumas oibriú leis na tuismitheoirí agus na scoileanna agus comhordú a dhéanamh ar na seirbhísí ag an leibhéal áitiúil

Tá foireann riaracháin agus feidhmiúcháin de 18 ag an gComhairle sa cheannoifig i mBaile Átha Troim, Co. na Mí.

An Soláthar maidir le hOideachas Speisialta

Cuirtear oideachas do leanaí le riachtanais speisialta oideachais ar fáil i roinnt réimsí éagsúla. Chomh maith leis an soláthar breise i ngnáthranganna, d'fhéadfadh go ndéanfaí socrúchán chomh maith i ranganna speisialta, in aonaid agus i scoileanna speisialta. Is féidir socruithe a dhéanamh freisin maidir le teagasc sa bhaile don leanbh go dtí go socraítear a leithéid de shocrúchán. Nuair a oireann sin don leanbh féin, is é an soláthar mar chuid slán den ghnáthscoil, maille leis an tacaíocht atá riachtanach chuige sin, is rogha leis an gcuid is mó de na tuismitheoirí. I gcás leanaí nach mbeadh an gnáthsholáthar oiriúnach dóibh, is féidir socrúchán a shocrú i gceann de 108 scoil speisialta nó de 654 rang agus aonad speisialta atá lonnaithe ar fud na tíre.

Rinneadh tuilleadh dul chun cinn sa bhliain 2004 maidir le dáileadh acmhainní do leanaí le riachtanais speisialta oideachais. Sa bhliain 2004, bhí níos mó ná 2,600 múinteoir acmhainne agus 1,500 múinteoir tacaíochta foghlama ag freastal ar leanaí le riachtanais dá sórt i ngnáthbhunscoileanna. Chomh maith leis sin, bhí níos mó ná 1,000 múinteoir i scoileanna speisialta agus 600 múinteoir anuas air sin i ranganna speisialta. Bhí 5,250 cúntóir riachtanas speisialta i scoileanna i gcomparáid le líon chomh híseal le 300 achar chomh gairid le sé bliana ó shin. Caitheadh níos mó ná €30m ar iompar scoile do dhaltaí le riachtanais speisialta agus níos mó ná €3m ar threalamh agus ábhar speisialta.

Ag an leibhéal iarbhunoideachais, dáileadh acmhainní ar an scoil mar gheall ar iarratas, arna mbunú go hiondúil ar líon áirithe leanaí le riachtanais éagsúla. Is iad na scoileanna a chuireann na hacmhainní sin chun feidhme i bhfianaise na riachtanas atá ag na leanaí céanna. D'fhéadfadh go mbainfeadh an soláthar breise sna gnáthranganna leis sin nó socrúchán i rang speisialta ag brath ar na riachtanais a mheastar atá ag an dalta.

Sa bhliain 2004, bhí 1,388 múinteoir acmhainne, 528 múinteoir tacaíochta foghlama agus 620 cúntóir riachtanas speisialta ag obair le leanaí le riachtanais speisialta ag leibhéal na iarbhunoideachais.

Seirbhís Teagaisc Baile agus Clár Oideachais mhí Iúil

Tá de rún leis an tSeirbhís Teagaisc Baile teagasc cúitimh a chur ar fáil do dhaltaí a bhfuil riocht leanúnach liathta orthu ar dócha go gcuirfidh sé isteach go mór ar a bhfreastal ar scoil. Úsáidtear an scéim chomh maith chun maoiniú a dhéanamh ar chlár oideachais mhí Iúil, lena mbaineann síneadh chláir oideachais ar feadh mí Iúil i scoileanna ina ndéantar freastal ar dhaltaí a bhfuil uathachas ag dul dóibh nó atá faoi mhíchumas ginearálta foghlama géa/trom. Bhí 54 scoil páirteach sa chlár sa bhliain 2004 agus fuaireadar maoiniú caipitíochta ar ráta speisialta. Tá ciste ar fáil chomh maith do sheirbhís iompair scoile agus do sheirbhísí comhluadair do na daltaí sin. Tá timpeall is 1,000 leanbh ag baint leas as an scéim teagaisc baile agus costas níos mó ná €5.3m in aghaidh na bliana ag baint leis.

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO)

Bunaíodh an SNSO ar dtús sa bhliain 1999 chun seirbhís síceolaíochta oideachais a chur ar fáil do bhunscoileanna agus do scoileanna iarbhunoideachais. Tá an tseirbhís ar fáil anois i 650

scoil iarbhunoideachais agus i 1,700 bunscoil. Ciallaíonn sé go bhfuil teacht ar sheirbhís iomlán síceolaíochta arna chur ar fáil ag an SNSO do 60% de na gnáthscoileanna ar fad agus do 74% de na daltaí. Is féidir le scoileanna nach bhfuil teacht acu ar sheirbhís iomlán measúnacht shiceolaíochta a choimisiúnú ó dhuine gairmiúil príobháideach faoi scéim eile a riarann an SNSO.

Is ar idirghabháil luath leis na daltaí agus le baill foirne i scoileanna a bhíonn an bhéim ag an SNSO d'fhonn an oiread agus is féidir a chur leis an acmhainn atá sa dalta, d'fhonn cur in aghaidh teip scoile agus d'fhonn géarchéiméimeanna leanaí agus daoine óga a sheachaint. Is é is aidhm dó sin, seirbhís chothrom a chur ar fáil a mbaineann cur chuige an chomhairliúcháin agus réiteach fadhbanna leis maidir le deacrachtaí na ndaltaí agus riachtanais na scoileanna. Fágann úsáid mhúnla an chomhairliúcháin gur féidir comhairle agus saineolas síceolaíochta a chur ar fáil do níos mó leanaí ná ab fhéidir trí thabhairt faoi obair chásanna aonair amháin.

Oibríonn an múnla comhairliúcháin ina chéimeanna. Ag leibhéal 1, leibhéal tacaíochta sa seomra ranga, pléann múinteoir an ranga agus an tuismitheoir na hábhair bhuartha agus cuirtear plean ar siúl d'fhonn déileáil leo. Más ann don ábhar buartha i gcónaí tar éis tréimhse a n-aontaítear mar gheall air, d'fhéadfadh an múinteoir dul i gcomhairle le foireann taca na scoile agus uaireanta leis an SNSO. Taca scoile leibhéal 2 a thugtar ar an dara leibhéal seo. Ag an chéad dá leibhéal seo, is iondúil gur páirt indíreach a ghlacann an SNSO sa chás, ag cur chomhairle ar na múinteoirí agus na tuismitheoirí maidir leis an mbealach chun riachtanais a mheas agu/nó le straitéisí is féidir a chur ar fáil tríd an scoil agus na tuismitheoirí ag obair as lámh a chéile. Uaireanta, cuirtear roinnt oibre inseirbhíse ar fáil maidir le modhanna áirithe chun cur chuige. Ní chuirtear cás faoi bhráid an SNSO go foirmeálta d'fhonn déileáil le cás linbh aonair ach amháin i gcásanna nach mba leor an mheasúnacht agus na straitéisí idirghabhála sa scoil féin. Tagraítear dó sin anois le Mórthaca Scoile.

Is gné thábhachtach d'obair an tsiceolaí i scoileanna é an déileáil le heachtraí géarchéime. I rith na scoilbhliana 2003/2004, bhí plé ag níos mó ná 40 siceolaí le 60 eachtra géarchéime. Bhí na gnéithe seo a leanas ag baint leis an obair sin:

- cúnamh a thabhairt do bhainistíocht na scoile ag cur na scoile agus a cuid acmhainní chun feidhme agus ag teacht ar chórais taca eile le linn na tréimhse díreach i ndiaidh na heachtra
- daltaí atá i mbaol agus a bhfuil gá acu le cúnamh a thabhairt faoi deara
- cúnamh a thabhairt do bhaill na foirne ag tacú leis na daltaí, lena n-áirítear déileáil le haon mhothúcháin phearsanta dá gcuid féin

Foilsíodh pacáiste comhairle agus eolais do scoileanna maidir le déileáil le heachtraí géarchéime sa bhliain 2004 agus eisíodh chuig na scoileanna ar fad é.

Cuireann an SNSO réimse leathan feidhmeanna eile de lena mbaineann obair i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Oideachais Speisialta, an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais agus an Coimisiún um Scrúduithe Stáit. Tugtar cur síos ar réimse iomlán na hoibre agus ar ualach na gcásanna i dtuarascálacha an SNSO féin.

Sprioc Ardleibhéil 2

Tacú leis an sochaí uilechuimsitheach

Tacóimid, tríd an oideachas, le sochaí atá uilechuimsitheach go sóisialta agus inar ionann deis do chách.

Tá ról bunúsach ag an oideachas ag tabhairt deis iomlán ar ionchas an tsaoil agus ag sárú fháinne na míbhuntáiste. Leanadh ag cur bearta faoin *bPlean Gnoímhaireachta Náisiúnta in aghaidh Bochtaine agus an Eisiamh Sóisialta 2003-05* agus an tionscnamh speisialta maidir le *Dul i ngleic leis an Míbhuntáiste Oideachais: Litearthacht, Uimhearthacht agus Luathfhágálaithe Scoile* in *Ag Coinneáil an Dul chun Cinn* i rith na bliana 2004. Bhí athbhreithniú leitheadach ar bun chomh maith ar na cláir ar fad atá ann d'fhonn an bealach is fearr chun a gcuid riachtanas siúd is mó atá i mbaol ó mhíbhuntáiste oideachais a thabhairt chun suntais.

Cuspóir 2.1

Cuideoimid, tríd an oideachas, le beartas an Rialtais um uilechuimsitheacht shóisialta a chur i ngníomh agus a fhorbairt agus leanfaimid orainn le cláir thacaíochta spriocdhírithe a chur ar fáil agus a leasú do leanaí atá faoi mhíbhuntáiste oideachais nó atá ina bhaol sin nó a fhágann an scoil go luath.

Dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais

I measc na mbearta chun dul i ngleic leis an míbhuntáiste oideachais i rith na bliana 2004, bhí leathnú ar na cláir litearthachta do dhaoine fásta agus an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas. Leathnaíodh na cláir feabhais do leanaí a bhfuil fadhbanna litearthachta acu chomh maith. Leanadh ag cur na seirbhísí faoin mBord Náisiúnta Leasa Oideachais sa tsiúl agus tús áite á thabhairt do phobail faoi mhíbhuntáiste. Bhí an Oifig Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ard-oideachas faoi lán seoil faoi mí Feabhra 2004 agus ghlac sé an riaradh ar roinnt bearta rochtana ar láimh ón Roinn. Leanadh den chur i bhfeidhm i gcás na réimsí tús áite den Phlean Forbartha Náisiúnta d'Obair Ógra agus den obair ar Straitéis Oideachais an Lucht Siúil a dhréachtadh i rith na bliana chomh maith.

Chuir an Roinn os cionn €540m ar fáil sa bhliain 2004 do chláir a leagadh amach go sonrach chun dul i ngleic leis an míbhuntáiste oideachais.

An Coiste um Míbhuntáiste Oideachais

Is comhlacht reachtúil neamhspleách atá sa Choiste um Míbhuntáiste Oideachais a bunaíodh i mí Márta 2002 faoi *Acht Oideachais na bliana 1998*. Sa bhliain 2004, d'fhoilsigh an Coiste aighneacht a cuireadh faoi bhráid an Aire maidir le réimsí tús áite a dtabharfaí fúthu le hEarnáil an Oideachais Aosaigh agus Pobail. Tá ról comhairlitheach ag an gCoiste chomh maith maidir le Straitéis Oideachais Lucht Siúil cúig bhliana a thabhairt chun cinn.

Neamhláithreacht agus Luathfhágáil Scoile

Foráiltear san *Acht Oideachais (Leasa), 2000* do chreat cuimsitheach d'fhonn freastal rialta ar scoil a chur

chun cinn agus ag tabhairt faoi fhadhbanna neamhláithreachta agus luathfhágála na scoile. Is é an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (BNLO), a bunaíodh de réir an Achta, an t-aon chomhlacht náisiúnta a bhfuil cúram air maidir le tinreamh ar scoil.

I mí Márta 2004, d'eisigh an BNLO bileog eolais chuig 330,000 teaghlach agus 4,000 scoil. Leagadh amach ansin an ról atá ag tuismitheoirí agus caomhnóirí ag cinntiú nach séantar an t-oideachas ná an oiliúint ar a gcuid leanaí chomh maith le heolas a thabhairt mar gheall ar an mBord. Rinne an BNLO an chéad mheasúnacht ar leanaí atá ag dul faoi oideachas taobh amuigh de na scoileanna aitheanta agus rinneadh suirbhé ar na leibhéil tinrimh sna scoileanna i rith na scoilbhliana 2003/2004. I mí na Nollag 2004, rinneadh na cumhachtaí agus na dualgais a leagtar ar an Aire faoin *Acht Oideachais (Leasa) 2000* a tharmligean ar an Aire Stáit, an tUasal Brian Lenihan T.D.

Cothrom na Féinne do Leanaí

Is é aidhm an Chláir Cothrom na Féinne do Leanaí dul i ngleic leis an míbhuntáiste oideachais i mbunscoileanna áirithe. Sonraíodh na scoileanna a thugtar isteach faoin gClár de réir shuirbhé de chuid an Ionad Taighde Oideachais.

Líon na Scoileanna Rannpháirteach	Líon na bPost
2345	240 post teagaisc 79 Comhordaitheoir Tuaithe

An Clár Críochnú Scoile

Tá an Clár Críochnú Scolaíochta bunaithe ar chur chuige comhtháite trasphobail chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais agus bíonn baint ag bunscoileanna, scoileanna iarbhunoideachais, tuismitheoirí, pobail agus gníomhaireachtaí ábhartha reachtúla agus deonacha leis. Tá de chuspóir leis raon bearta idirghabhála a chur ar fáil i réimse an mhíbhuntáiste a thacaíonn le daoine óga a choinneáil san oideachas. Tá an tionscnamh dírithe ar dhaoine óga idir 4 agus 18 bliain d'aois agus déantar a mhaoiniú ar bhonn ilbhliana faoin bPlean Forbartha Náisiúnta le cúnamh ó Chiste Sóisialta na hEorpa.

Maidir leis an dara leibhéal, leanadh ag maoiniú 53 scoil atá páirteach sa tSraith Choinneála Fan ar Scoil de chuid an Chláir Críochnú Scoile i leith na scoilbhliana 2004/2005.

Líon na Scoileanna Rannpháirteach	Líon na bPost	Líon na nDaltaí
300 Bunscoil 112 Scoil Iarbhunoideachais	Comhordaitheoir Náisiúnta 4 Comhordaitheoirí Cúnta Náisiúnta 82 Comhordaitheoir Áitiúil	17,000

Scéim Idirchaidrimh Baile/Scoile/Pobail

Is gné thábhachtach de straitéis na Roinne chun dul i ngleic leis an míbhuntáiste oideachais ag leibhéal an bhunoideachais agus an iarbhunoideachais atá sa scéim seo. Ceaptar comhordaitheoir maidir le scoil nó cloigín scoileanna a oibríonn le foireann na scoile, tuismitheoirí agus gníomhaireachtaí sa phobal d'fhonn tabhairt faoin riachtanais na leanaí atá i mbaol mhíbhuntáiste oideachais.

Líon na Scoileanna Rannpháirteach	Líon na bPost
279 Bunscoil 195 Scoil Iarbhunoideachais	172 Comhordaitheoir 194 Comhordaitheoir

Oideachas don Lucht Siúil

Sonraíonn an tOifigeach Oideachais Náisiúnta don Lucht Siúil rianchtanais oideachais an Lucht Siúil, cuireann sé comhairle maidir le polasaí agus an soláthar oideachais agus tá sé ag saothrú ar mhaithe le daltaí uile an Lucht Siúil a bheith ina gcuid slán den ghnáthchóras scoile. Tá ról comhairle ag an gCoiste um Míbhuntáiste Oideachais a bunaíodh faoi *Acht Oideachais 1998* chomh maith maidir le Straitéis Oideachas an Lucht Siúil a thabhairt chun cinn.

Sa bhliain 1992, measadh go raibh 30% den Lucht Siúil ag fáil a gcuid bunoideachais i ranganna speisialta deighilte. Bhí tacaíocht leis an gcinneadh deireadh a chur leis an soláthar deighilte ar bhonn céimnithe ó mholtaí an Tascfhórsa ar an Lucht Siúil sa bhliain 1995 agus i bPáipéar Bán na bliana céanna *Charting our Education Future*.

Ó dúnadh aonad na ranganna speisialta in Inis ag deireadh na scoilbhliana 2004, tá na cinn deireanacha de na ranganna speisialta deighilte don Lucht Siúil a bhíodh ceangailte le bunscoileanna dúnta anois. Tacaítear le teagasc dhaltaí den Lucht Siúil i dtimpeallacht comhtháite le os cionn 500 múinteoir acmhainne chomh maith.

Seirbhís na Múinteoirí ar Cuairt don Lucht Siúil

Fostaítear 40 múinteoir ar fud na tíre i mbun na seirbhíse seo. Is é aidhm na seirbhíse deis a thabhairt do thuismitheoirí ón lucht siúil, dá gcuid leanaí agus do na scoileanna oibriú le chéile chun an rannpháirtíocht is mó is féidir sa chóras oideachais i measc an Lucht Siúil a chruthú agus an t-oideachas idirchultúir do chách a chur chun cinn.

Soláthar don Lucht Siúil san Iarbhunoideachas

Cuirtear 1.5 uair a chloig múinteoireachta breise ex-quota in aghaidh na seachtaine ar fáil do scoileanna iarbhunoideachais i leith gach dalta den Lucht Siúil atá ar an rolla. Tá deontas caipitíochta forlíontach ar fáil chomh maith.

Sonraí maidir leis an Litearthacht agus an Uimhearthacht

Bunscoileanna

Sa bhliain 2004, d'fhoilsigh an tIonad Taighde Oideachais tuarascáil ar nósanna agus leibhéil léitheoireachta os cionn 6,500 dalta i rang a haon, rang a trí agus rang a sé i 94 scoil atá faoi mhíbhuntáiste.

Cuirtear sonraí litearthachta bunlíne ar fáil sa tuarascáil, *Litearthacht Léitheoireachta i mBunscoileanna faoi Mhíbhuntáiste*, agus léirítear an dúshlán a bhaineann le dul i ngleic leis na deacrachtaí litearthachta. Léiríodh le taighde roimhe seo go mbíonn deacracht mhór ag timpeall is 10 faoin gcéad de na leanaí i mbunscoileanna na hÉireann le léitheoireacht. Léiríonn an taighde seo go bhfuil líon na leanaí i scoileanna atá faoi mhíbhuntáiste a bhfuil deacracht mhór le léitheoireacht acu idir 25 agus 30 faoin gcéad. I measc na ngnéithe a mbíonn tionchar acu ar an leibhéal litearthachta a bhaintear amach, tá an freastal ar scoil, a oiread agus a léadh sleachta don leanbh agus a oiread ama a chaitear le léitheoireacht sa seomra ranga

Rinneadh measúnú náisiúnta ar an litearthacht agus an uimhearthacht sna bunscoileanna sa bhliain 2004 agus beidh tuairisc ar na torthaí le fáil i rith na bliana 2005.

Scoileanna Iarbhunoideachais

Is tionscadal comhair i measc bhallstáit an ECFE é An Clár um Mheasúnú Idirnáisiúnta Mac Léinn (CMIML). Tá d'aidhm leis a mheas cé chomh hinniúil agus atá leanaí 15 bliain d'aois maidir le páirt a ghlacadh sa tsochaí agus sa lucht saothair san am atá ag teacht. Dírítear ar mheasúnú ar na príomhscileanna. Ar scála litearthacht léitheoireachta CMIML, tá ógánaigh 15 bliain d'aois na hÉireann ar an 6ú grúpa is fearr as 29 tír de chuid ECFE. Rangaítear an scála litearthacht léitheoireachta sin ina chúig leibhéal inniúlachta. Tá daltaí a chruthaíonn ag Leibhéal 5 (an leibhéal is airde) in ann chuig na bearta léitheoireachta is casta de réir

mheasúnacht CMIML, ar nós oibriú le téacs dlúth agus tátal ardleibhéil a bhaint as.

Is dócha nach mbeidh daltaí a chruthaíonn ag Leibhéal 1 (an leibhéal is ísle) in ann chuig aon bhearta léitheoireachta seachas cinn bhunúsacha a cuireadh le chéile do CMIML, ar nós mír áirithe amháin eolais a aimsiú i dtéacs den bhunleibhéal. Tá Éire ar an dara tír is fearr a chruthaigh san AE i dtéarmaí Leibhéal 1 a bhaint amach. Ina dhiaidh sin féin, theip ar 2.7% de dhaltaí na hÉireann scileanna litearthacht léitheoireachta den chineál is bunúsaí a mheasúnaítear le CMIML fiú a léiriú agus bhí 8.3% breise nár bhain amach leibhéal níos airde ná an leibhéal is ísle a mheasúnaítear.

Bearta Litearthachta

Is aidhm ríthábhachtach san oideachas é an litearthacht a bhaint amach. Mura dtagann leanaí ar chaighdeán litearthachta leordhóthanach, ní bhíonn ar a gcumas an leas iomlán a bhaint as an gcóras oideachais. Tá roinnt clár feabhais i bhfeidhm maidir le fadhbanna litearthachta agus uimhearthachta ag leanaí.

Clár Aisghabháil na Léitheoireachta

Tá múnla dianfheabhsúcháin maidir le hAisghabháil na Léitheoireachta i bhfeidhm in 85 bunscoil (51 i Muineacháin, 34 i mBaile Átha Cliath). Féachtar tríd an gclár dianfheabhsúcháin seo a chur i bhfeidhm i mbunscoileanna faoi mhíbhuntáiste géar le cuidiú le leanaí a bhfuil deacracht acu le léitheoireacht agus scríobh. Chuaigh triúr Múinteoirí Aisghabháil Léitheoireachta breis i mbun oiliúna sa bhliain 2004.

Na Chéad Chéimeanna

Tugann Clár Na gCéad Chéimeanna deis do mhúinteoirí bunscoile measúnacht chruinn agus monatóireacht a dhéanamh ar chumas agus ar dhul chun cinn na leanaí i gcás na léitheoireachta, na scríbhneoireachta, an litrithe agus an urlabhra. Ceanglaítear ansin an mheasúnacht sin le bearta agus straitéisí oiriúnacha sa seomra ranga d'fhonn cinntiú go ndéantar dul chun cinn seasta agus go gcoimeádtar leis i rith bhlianta an bhunoideachais. Cuireadh oiliúint ar fáil ar dtús do mhúinteoirí as scoileanna áirithe atá faoi mhíbhuntáiste ach tá an clár leathnaithe amach anois go dtí bunscoileanna uile na tíre.

Campaí Samhraidh

Déanann an Roinn maoiniú ar champaí samhraidh ina dtugtar faoi dheacracht le litearthacht trí mheán na n-ealaíon. Bíonn béim sa tionscadal "Bealaí chun na Litearthachta a fhiosrú trí Ghníomhaíochtaí Ealaíon" ar spraoifhoghlaim trí ealaín, drámaíocht, ceol agus rince ach tugtar a gceart do spriocanna foghlama a bhaineann le scileanna léitheoireachta, litearthachta agus smaointeoireachta chomh maith. Ghlac leanaí idir 7 agus 11 bliain d'aois, ina ngrúpaí de 40 leanbh an ceann, páirt i gcampaí i 20 ionad éagsúil ar fud na tíre. Gné lárnach de na campaí

samhraidh seo ná go bhfaigheann na daltaí teagasc ó bhunmhúinteoirí cáilithe óna scoil féin, i gcóimheas dalta/múinteora de 10:1.

Straitéis Litearthachta Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh

Sa chás go bhfuil dlús daltaí a bhfuil deacracht acu le litearthacht, moltar do scoileanna plean forbartha a chur i bhfeidhm maidir le litearthacht sa scoil. Cuimsítear ansin bearta idirghabhála gearrthéarmacha leis na daltaí agus cultúr léitheoireachta a chothú ar fud na scoile. Sa bhliain 2004, leanadh den obair ar thionscnaimh taighde i 10 gcinn de scoileanna d'fhonn éifeacht an chur chuige uilescoile seo a mheas.

RAPID/CLÁR

Baineann gnéithe oideachais le cláir ar nós Limistéir a Athbheochan le Pleanáil, Infheistíocht agus Forbairt (RAPID) agus CLAR (Ceantair Laga Ard-Riachtanais). Tá ionadaíocht ag an Roinn ar Choiste Monatóireachta Náisiúnta RAPID agus tugann sí tuairisc ar an dul chun cinn don Choiste Monatóireachta Náisiúnta.

Scoileanna Coinneála do Leanaí

Tá cúram ar an Roinn maidir le seirbhísí cónaitheacha a chur ar fáil do leanaí suas go dtí 16 bliain d'aois a ciontaíodh nó a cuireadh siar ar coinneáil sa chúirt. Tá cúig scoil speisialta faoi choimirce na Roinne ina gcuirtear na seirbhísí sin ar fáil. Tabharfar Scoileanna Coinneála do Leanaí ar na scoileanna sin le cur i bhfeidm *Achta na Leanaí 2001*. Rithtear iad de réir *Caighdeán agus Critéir i leith Scoileanna Coinneála* a tugadh le chéile agus a foilsíodh sa bhliain 2002 agus a leasaíodh sa bhliain 2004.

Cuspóir 2.2

Cothófar an fhorbairt ar chóras breisoideachais agus gairmoiliúna ardchaighdeáin, uilechuimsitheach do dhaoine óga agus d'aosaigh, a thagann leis na riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha.

Leagtar amach creat do thabhairt chun cinn an tsoláthair don bhreisoideachas agus don fhoghlaim aosach sa Pháipéar Bán ar Oideachas Aosach *"Foghlaim ar Feadh an tSaoil"* (2000) agus i *"Tuarascáil an Tascfhórsa ar Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil"* (2002) i gcomhthéacs pholasaithe foghlama ar feadh an tsaoil. Sa bhliain 2004, d'fhoilsigh an Coiste um Míbhuntáiste Oideachais aighneacht a cuireadh faoi bhráid an Aire maidir le réimsí tús áite a dtabharfaí fúthu le hEarnáil an Oideachais Aosaigh agus Pobail

Lean an Roinn, sa bhliain 2004, den mhaoiniú ar roinnt cláir bhreisoideachais agus oideachas aosaigh.

Cláir Oideachais d'Aosaigh

Litearthacht na nAosach/Oideachas Pobail

Baineann oideachas bunúsach, lena n-áirítear léitheoireacht, scileanna scríofa agus uimhríochta, a chur ar fáil do dhaoine fásta nach leor a gcuid scileanna le haghaidh páirt fheidhmiúil sa ghnáthshaol leis an Oideachas d'Aosaigh.

Sa bhliain 2004, lean an Roinn ag cur maoinithe ar fáil do CGO, príomhsholáthróirí na seirbhísí litearthachta, d'fhonn treisiú le breis forbartha agus cur chun cinn. Trí mhaoiniú ar Ghníomhaireacht Náisiúnta um Litearthacht d'Aosaigh, thacaigh an Roinn le riachtanais fhorbartha inseirbhíse na foirne teagaisc a bhfuil baint acu le Seirbhís Litearthachta d'Aosaigh an CGO.

Líon Mac Léinn	Caiteachas 2004
33,873	€20.36m

Craoladh an tsraith teilifíse chun tuiscint ar cheist na litearthachta agus a teagasc a chur chun cinn, dar teideal READ WRITE NOW, sa bhliain 2004. Ba é seo an cúigiú sraith teilifíse. Leanadh den mhaoiniú ar Breacadh, tionscadal in earnáil na gCoistí Gairmoideachais atá dírithe ar chainteoirí dúchais Gaeilge, sa bhliain 2004 chomh maith.

Tá freastal déanta ag seirbhís litearthachta d'aosaigh ar na riachtanais litearthachta Béarla atá ag imirceoirí. D'fhreastail beagnach 8,000 ar ranganna Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile i rith na bliana 2004.

Oideachas Bunaithe sa Phobal

Chuir an Roinn deontais os cionn €8.3m in iomláine ar fáil do Choistí Gairmoideachais chun tacú le grúpaí oideachais áitiúla atá bunaithe sa phobal. Déantar dáileadh air sin go hiondúil trí uaireanta a chloig teagaisc nó deontais bheaga a chur ar fáil do réimse grúpaí pobail agus grúpaí deonacha maidir le bearta oideachais taobh amuigh d'earnáil an oideachais fhoirmeálta.

Cuireadh ciste ar fáil i gcabhair ar Thionsnaimh Speisialta do Dhaoine Fásta faoi Mhíbhuntáiste ag an leibhéal áitiúil d'fhonn an costas a bhaineann le freastal ar chúrsaí a mhaolú.

Tionscnamh an Chomhionannais san Oideachas (TCO)

Feachtar tríd an tionscnamh seo leis an gcomhionannas oideachais do dhaoine fásta a chur chun cinn trí mhaoiniú a dhéanamh ar thionscadail a thugann faoin míbhuntáiste oideachais. Mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta agus le cúnamh ó Chreat Tacaíochta Pobail an AE, rinneadh leithdháileadh de €4.4m chun cuidiú le tionscadail a dhéileáileann le riachtanais foghlama dhaoine fásta atá faoi mhíbhuntáiste oideachais.

Leanfaidh Céim 2, a bhfuil deich dtionscadal ag baint leis, go dtí mí Meitheamh 2006. Déanann grúpa oibre TCO iarratais ar mhaoiniú a mheas chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar na tionsnamh. Caitheadh €0.8m ar an tionscnamh seo sa bhliain 2004.

Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS)

Is clár oideachais agus oiliúna dara seans atá in VTOS trína gcuirtear cúrsaí suas le dhá bhliain ar fhaid ar fáil do dhaoine dífhostaithe. Tá réimse leathan ábhar agus gníomhartha i measc na gcúrsaí a thairgítear. Tá deimhniú ar fáil ag leibhéil éagsúla, lena n-áirítear an Teastas Sóisearach nó an Ardteistiméireacht, nó modúil a théann i dtreo dámhachtainí arna ndeimhniú ag an gComhairle um Bhreisoideachas agus Oiliúna (FETAC). Lean 68% de na mic léinn a chríochnaigh an clár sa bhliain 2004 ar aghaidh chuig an bhfostaíocht nó chuig oideachas nó oiliúint bhreise.

Líon na nIonad	Líon na Rannpháirtithe	Caiteachas 2004
113	5,639	€60m

Cláir Breisoideachais

Youthreach

Is éard is Youthreach ann clár do dhaoine óga atá dífhostaithe san aoisghrúpa 15 go 20 bliain d'aois a d'fhág an scoil luath gan aon cháilíocht nó le cáilíocht neamhiomlán. Cuirtear an clár ar fáil in ionaid seachscoile arna gcur ar fáil ag Coistí Gairmoideachais agus ag líonra Ionaid Oiliúna Pobail. Déanann an Roinn maoiniú air i gcomhar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le cúnamh ó Chiste Sóisialta na hEorpa. Is féidir le rannpháirtithe teastas a bhaint amach trí FETAC (Bunleibhéal agus Leibhéal 1), tríd an Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus trí ábhair sa Teastas Sóisearach agus san Ardteistiméireacht. Chuaigh 72% de na mic léinn a chríochnaigh an clár sa bhliain 2004 ar aghaidh chun fostaíocht a bhaint amach nó chuig breisoideachas nó chuig breisoiliúint.

Líon na nIonad	Líon Ionad Oiliúna	Caiteachas 2004
88	3,258	€44.6m

Oiliúint don Lucht Siúil Sinsearach

Oibríonn Ionaid Oiliúna don Lucht Siúil Sinsearach ar an mbonn céann le Youthreach ach amháin nach

bhfuil aon uasteora aoise i gceist. Chuaigh 50% de na mic léinn a chríochnaigh an clár sa bhliain 2004 ar aghaidh chun fostaíocht a bhaint amach nó chuig breisoideachas nó chuig breisoiliúint.

Líon na nIonad	Líon Ionad Oiliúna	Caiteachas 2004
35	1,076	€19m

Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLC)

Is cúrsaí bliana nó dhá bhliana lánaimseartha iad na Cúrsaí IarArdteistiméireachta trína gcuirtear oideachas ginearálta comhtháite, gairmoiliúint agus taithí oibre ar fáil dóibh siúd a dteastaíonn oiliúint bhreise uathu chun cur leis an seans atá acu ar fhostaíocht a fháil. Cuirtear teastasú ar fáil trí FETAC Leibhéal 2 agus Leibhéal 3 agus cuireann coláistí leis sin freisin trí theastasú ó chomhlachtaí príobháideacha/gairmiúla i ndisciplíní áirithe.

Chuaigh 85% de na mic léinn a chríochnaigh an clár sa bhliain 2004 ar aghaidh chun fostaíocht a bhaint amach nó chuig breisoideachas nó chuig breisoiliúint.

Líon na nIonad	Líon na Rannpháirtithe	Caiteachas 2004
210	28,588	€104.4m

An Tionscnamh chun Filleadh ar Oideachas

Tugann an Tionscnamh chun Filleadh ar Oideachas deiseanna do dhaoine óga agus do dhaoine fásta filleadh ar an bhfoghlaim. Tá béim ar an soláthar páirtaimseartha rud a thugann deis filleadh ar an oideachas nó ar an oiliúint agus cúram clainne, oibre nó eile a dhéanamh chomh maith. Tá scéim i bhfeidhm maidir le teagasc gan táille agus le táillí laghdaithe.

Cuirtear 10% den soláthar faoin Tionscnamh chun Filleadh ar Oideachas i leataobh chun tacú le tionscadal a mholann grúpaí oideachas pobail.

Ionaid	Líon na Rannpháirtithe	Caiteachas 2004
CGO	16,155	€9.3m
Pobal	2,277	€1.6m

Seirbhísí Tacaíochta

Seirbhísí Treorach

Sonraíodh an gá a bhí le seirbhís treorach d'fhoghlaimeoirí i litearthacht d'aosaigh, VTOS agus oideachas pobail sa Pháipéar Bán ar Oideachas d'Aosaigh – *Foghlaim ar feadh an tSaoil*, a foilsíodh sa bhliain 2000. Tá cúig thionscadal is fiche curtha ar bun ar fud na tíre chun treoir oideachais do dhaoine fásta a chur ar fáil do rannpháirtithe ar na cláir sin.

Cuireann an Roinn maoiniú ar fáil chomh maith do Sheirbhísí Treorach/Comhairleoireachta agus Siceolaíochta do rannpháirtithe ar an gClár Youthreach agus Oiliúint don Lucht Siúil Sinsearach.

Seirbhís	Líon na Rannpháirtithe	Caiteachas 2004
Treoir d'Aosaigh	21,840	€3.2m
Seirbhísí Treorach/ Comhairleoireachta agus Siceolaíochta	8,210	€1m

Cúram Linbh

Chuir an Roinn maoiniú de ?4.4m ar fáil do Choistí Gairmoideachais d'fhonn cabhair a thabhairt maidir le costais chúram linbh ar rannpháirtithe chlár VTOS, Youthreach agus Ionaid don Lucht Siúil Sinsearach.

Cuspóir 2.3

Cothófar an fhorbairt phearsanta agus shóisialta ar dhaoine óga trí oideachas neamhfhoirmiúil, ag tabhairt aird go háirithe ar na riachtanais maidir le hobair ógra atá ag daoine óga idir 10-21 bliain d'aois agus orthu siúd atá faoi mhíbhuntáiste shóisialta nó eacnamaíoch.

Tá réimse leathan forálacha sa *Phlean Forbartha Náisiúnta d'Obair Ógra 2003-2007* maidir leis an bhforbairt ar obair ógra. Sa bhliain 2004, rinneadh leithdháileadh €500,000 d'fhonn an Plean sin a chur chun cinn. Ba é an leithdháileadh maoinithe iomlán a cuireadh ar fáil d'earnáil na hóige sa bhliain 2004 €26.6m.

I measc na réimsí tús áite ar tugadh cúnamh ina leith, bhí siad seo a leanas:

- Clár Oiliúna Chosaint an Linbh d'Earnáil na hÓige. Ceapadh Comhordaitheoir Oiliúna maidir leis an gCosaint don Leanbh i mí na Nollag 2004
- Cúnamh breise do na Larionaid Faisnéis don Óige agus don Comhpháirtíocht Tacaíochta Faisnéise don Óige
- Cuireann Scéim do Thionscadail Speisialta don Óige maoiniú ar fáil do thionscadail seachscoile do dhaoine óga, a mheastar a bheith i mbaol de bharr toscaí éagsúla lena n-áirítear mí-úsáid substaintí agus easpa dídin. Ba é €13.4m leithdháileadh na bliana 2004 i leith na scéime sin. Bunaíodh 3 thionscadal nua sa bhliain 2004 rud a fhágann líon iomlán na dtionscadal ar tugadh cúnamh ina leith ag 167. Rinneadh ardú grád ó thionscadal oibrí aonair go tionscadal bheirt oibrí i gcás 12 tionscadal. Cuireadh maoiniú aon uaire de luach €142,000 ar fáil do 6 thionscadal.

Cuspóir 2.4

Déanfaimid bainistíocht ar fhreagra na Roinne i leith thionscnaimh maidir le sásamh i gcás mí-úsáid leanaí i bhforais chónaithe.

Tá dhá ról ag an Roinn ós faoina coimirce a thagann an Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú, a bunaíodh i mí Bealtaine 2000 chun fiosrúchán a dhéanamh maidir le mí-úsáid leanaí i bhforais, agus ó tá an Roinn ina freagróir os comhair an Choimisiúin.

I rith na bliana 2004, rinne Cathaoirleach an Choimisiúin, an Breitheamh Seán Ryan, athbhreithniú ar an gcreat dlíthiúil agus na nósanna imeachta oibre faoina bhfeidhmíonn an Coimisiún. Tháinig athruithe reachtaíochta agus oibre a bhí beartaithe d'fhonn ligean don fhiosrúchán a dhéanamh taobh istigh de thréimhse ama réasúnta agus ar chostas inseasta faoin athbhreithniú sin. Cuimsíodh na moltaí reachtaíochta ina dhiaidh sin sa *Bhille um Choimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú (Leasú), 2005* a hachtaíodh i mí Iúil 2005.

Cuireadh atús le héisteachtaí an Choiste Imscrúdaithe i mí Bealtaine 2004 agus ritheadh roinnt éisteachtaí poiblí agus príobháideacha i rith an dara leath den bhliain 2004. Lean an Coiste faoi Rún ag rith éisteachtaí príobháideacha sa bhliain 2004 agus faoi Eanáir na bliana 2005 bhí cloiste aige ó 1,000 finné éagsúil.

Cuireann an Roinn maoiniú agus tacaíocht ar fáil don Bhord um Shásamh i leith Foras Cónaithe a bunaíodh i mí na Nollag 2002 chun dámhachtainí airgeadais a chur ar fáil dóibh siúd a d'fhulaing ó mhí-úsáid leanaí i bhforais chónaithe. Tháinig méadú ó 7 gcomhalta go 11 comhalta ar an mBord i rith na bliana 2004. Thug an Bord an próiseas chun críche maidir le 1,838 cás i rith na bliana, rud a fhágann an t-iarratas próiseáilte i 2,425 cás in iomláin faoi seo. Cuireadh os cionn €141m ar fáil do dhámhachtainí agus costais ghaolmhara sa bhliain 2004.

Cuspóir 2.5

Cuirfimid breis chothromais maidir le deis ar oideachas tríú leibhéal chun cinn, go háirithe don mhac léinn atá faoi mhíbhuntáiste, don mhac léinn aosach agus don mhac léinn atá faoi mhíchumas, trí spriocdhíriú níos fearr i gcás na dtionscnamh tacaíochta/áise do mhic léinn.

Cúnamh do Mhic Léinn

Cuireann an Roinn cúnamh ar fáil do mhic léinn san Oideachas Tríú Leibhéal agus sa Bhreisoideachas. Tá ceithre scéim deontais cothabhála ann trína gcuirtear cúnamh airgeadais bunaithe ar thástáil acmhainní ar fáil: trí scéim don oideachas tríú leibhéal agus ceann amháin a bhaineann leis na Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta.

Bhí caiteachas na bliana 2004 (gan an ráta speisialta den deontas cothabhála a thabhairt san áireamh) mar seo a leanas:

Scéim	Líon Sealbhóirí na nDeontas*	Caiteachas 2004
Deontais Ardoideachais	26,355	€95.3m
Scoláireachtaí Coistí Gairmoideachais	7,819	€25.9m
Deontas Cothabhála d'Oiliúnaithe Tríú Leibhéal	14,226	€43.5m
Deontais Iar-Ardteistiméireachta	7,682	€17.4m
IOMLÁN	**56,082**	**€182.1m**

* Is don bhliain acadúil 2003/04 na figiúirí seo.

Chomh maith leis sin, in éineacht leis an gCiste Rochtana Tríú Leibhéal, déantar airgeadú faoi bhearta Uilechuimsitheachta Shóisialta sa Phlean Forbartha Náisiúnta chun tabhairt faoin easpa ionadaíochta i gcás na dtrí spriocghrúpa seo a leanas:

- Mic léinn ó chúlra faoi mhíbhuntáiste
- Mic léinn aosacha
- Mic léinn faoi mhíchumas

Sa bhliain 2004, cuireadh €34.3m ar fáil do réimse bearta rochtana lena n-áirítear na Rátaí Speisialta den Deontas Cothabhála (Deontas Breise) agus na cláir seo a leanas a bhfaightear cúnamh ina leith ó CSE, an Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas, Ciste Cabhrach do Mhic Léinn, agus Ciste Comhpháirtíochta na Mílaoise. €26m a cuiredh ar fáil sa bhliain 2003. Bhí leas ag os cionn 11,500 duine as an deontas breise sa bhliain 2003/2004. Sáraíonn sin an sprioc a moladh i *dTuarascáil an Ghníomhghrúpa maidir le Rochtain ar Oideachas Tríú Leibhéal (Tuarascáil Macnamara).*

Dul i nGleic leis an Míbhuntáiste san Oideachas Tríú Leibhéal

I rith na bliana acadúla 2004/2005, tugadh tús áite le scéimeanna na ndeontas cothabhála don dul i ngleic le héagothromas rannpháirtíochta na mac léinn ó na grúpaí socheacnamaíochta ísle. Tá na Rátaí Speisialta den Deontas Cothabhála, ar a dtugtar an Deontas Breise, dírithe ar thabhairt faoin easpa ionadaíochta ag mic léinn atá faoi mhíbhuntáiste san ardoideachas agus sa bhreisoideachas. Bhí ardú de 18.6% ar an ngné "Breise" sa bhliain acadúil 2004/2005. Ardaíodh an deontas go dtí €4,855 do mhic léinn a bhfuil cónaí orthu níos mó ná 15 míle ón gcoláiste. Tá an tsuim sin bunaithe ar an uasráta pearsanta i gcás Cúnamh Dífhostaíochta Leasa Shóisialaigh. Ardaíodh an ráta do mhic léinn a bhfuil cónaí orthu taobh istigh de 15 míle ón gcoláiste go dtí €1,945. Tá "breis" i gceist leis na rátaí sin ar an ngnáthdheontas de €1,910 agus €765, faoi seach.

Plean Gnímh Náisiúnta 2005-2007 d'fhonn Cothromas Rochtana ar an Ardoideachas in Éirinn a bhaint amach

I mí na Nollag 2004, sheol an Oifig Náisiúnta don Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas *Plean*

Gnímh Náisiúnta. Ullmhaíodh an plean sin le cabhair ó choiste comhairlitheach de dhaoine ó na páirtnéirí oideachais agus sóisialta. Tá d'aidhm leis cur le líon na mac léinn aosach agus na mac léinn ó scoileanna agus pobail faoi mhíbhuntáiste a ghlacann páirt san ardoideachas. Oibreoidh an Oifig Náisiúnta leis na geallsealbhóirí ar fad d'fhonn na cuspóirí a leagtar amach sa phlean a bhaint amach.

Cuspóir 2.6

Cuirfear an chothroime ó thaobh inscne chun cinn i seirbhísí, gníomhartha, cláir agus bearta do pháistí agus do dhaoine fásta ag gach leibhéal den oideachas.

Cuireann Aonad Cothroime Inscne na Roinne príomhshruthú cheist na hinscne chun cinn ar fud gach cuid den chóras oideachais. Déanann an Roinn maoiniú ar thaighde mar gheall ar cheisteanna inscne agus tugadh airgead sa bhliain 2004 maidir le Sparántachtaí PhD agus 19 togra taighde.

Foilsíodh páipéir taighde sa bhliain 2004 ar na hábhair seo a leanas:

- Gender Perspectives in Junior Cycle History
- Males and Social Care
- Learning Partnerships- promoting learner access for women through models of successful community-university partnership
- A Survey of Teachers on *Homophobic Bullying in Irish Second-Level Schools.*

Bhí *'Discovering Women in Irish History'* i measc na bhfoilseachán eile.

Sprioc Ardleibhéil 3

Cur leis an rathúnas eacnamaíoch

Déanfaimid leas don rathúnas eacnamaíoch, don fhorbairt agus don acmhainn iomaíochta idirnáisiúnta in Éirinn

Cuspóir 3.1

Cuirfear chun cinn an chaoi a dtéann an earnáil tríú leibhéal chun sochair don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta i gcomhthéacs na riachtanas athraitheach agus eagrófar soláthar de dhaoine cáilithe agus oilte chun treisiú leis an acmhainn iomaíochais agus le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta na hÉireann.

Cuireann an t-ardoideachas le dóigh an tsaoil ag an duine, i dtéarmaí deiseanna fostaíochta níos fearr agus tuilleamh níos fearr, agus déanann sé sochar don tsochaí ar fad sa saol eacnamaíochta, polaitíochta agus sóisialta. Glactar leis go forleathan go bhfuil an cumas iomaíochta sa gheilleagar sin againne ag brath ar chéimithe oilte, ardchaighdeáin a bheith ar fáil go seasta.

D'fhonn cinntiú go mbeadh Éire socraithe go maith ó thaobh straitéise de maidir le haon dúshlán a bheadh roimpi san am atá ag teacht, d'iarr an Roinn ar OECD athbhreithniú a dhéanamh ar earnáil an Ardoideachais. Foilsíodh an tuarascáil *A Review of Higher Education* i mí Meán Fómhair 2004. Tá réimse moltaí ann maidir le hathrú agus tabhairt chun cinn na hearnála.

Ní mór leasú ar an reachtaíocht i gcás roinnt de na moltaí ar nós sonrú na nInstitiúidí Teicneolaíochta taobh istigh den Údarás um Oideachas Treasach nua atá beartaithe. I gcás moltaí eile, mar shampla na struchtúir is gá chun an toradh is fearr a fáil ar an taighde, ní mór comhairliúchán forleathan leis na gníomhaireachtaí a thagann i gceist agus leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.

Bhí moltaí i dtuarascáil OECD chomh maith maidir le rialachas agus ceannaireacht sna hinstitiúidí ardoideachais. Tá anailís mhion ann ar na hathruithe is gá ar mhúnla dáiliúcháin na gcistí i leith na hearnála. Tá an tÚdarás um Ardoideachas, i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, ag obair ar dheismireacht maoinithe leasaithe.

Infheistíocht sna hEolaíochtaí Fisiciúla

I rith na bliana 2004, lean an Roinn, i gcomhar leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, FORFÁS agus lucht tionscail, ag déanamh dul chun cinn maidir le moltaí an Tascfhórsa ar na hEolaíochtaí Fisiciúla. Bhí siad seo a leanas i measc na mbeart a rinneadh:

- Treisíodh leis an gcuraclam nua eolaíochta ag leibhéal na bunscoile, a tugadh isteach sa bhliain 2003, trí dheontas acmhainne do gach scoil ar chostas iomlán €7.7m.
- Tugadh isteach siollabais leasaithe don Eolaíocht sa Teastas Sóisearach agus d'Fhisic, do Cheimic agus do Bhitheolaíocht na hArdteistiméireachta. Treisíodh leis sin le clár cuimsitheach inseirbhíse do mhúinteoirí ar chostas €0.92m sa bhliain 2004.
- Dáileadh €16m ar scoileanna sa bhliain 2004 chun trealamh saotharlainne breise a chur ar fáil ar mhaithe leis an siollabas leasaithe don Eolaíocht sa Teastas Sóisearach a chur i bhfeidhm.

- Cuireadh an clár Eolaíocht agus Innealtóireacht a Thabhairt faoi Deara, a rithtear faoi choimirce FORFÁS, ar bun i rith na bliana 2004 rud a tharraing le chéile bearta éagsúla a bhíothas a dhéanamh chun cur leis an tuiscint ar agus don eolaíocht.

Riachtanais Scileanna a Shásamh

Líon na gCéimithe Tríú Leibhéal sa Mhatamaitic, san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht

Beidh cumas iomaíochta na hÉireann agus na hEorpa sa mhargadh domhanda ag brath chuid mhór ar líon na saineolaithe eolaíochta a bhíonn ar fáil. B'ionann an meánlíon céimithe tríú leibhéal sa mhatamaitic, san eolaíocht agus sa teicneolaíocht in aghaidh an míle duine sa daonra atá 20-29 bliain d'aois san AE agus 12.2 sa bhliain 2003. Éire is fearr a chruthaíonn ar fud an AE le 24.2 céimí in aghaidh an mhíle duine sa daonra san aoisghrúpa sin.

Printísigh

Tá Printíseachtaí Bunaithe ar Chaighdeáin ar fáil i réimse 26 ceird shonraithe. Baineann oiliúint i mbun na hoibre agus oiliúint fhoirmeála an tseomra ranga leis an bprintíseacht. Tarlaíonn an oiliúint ranga in Ionad Oiliúna de chuid FÁS nó i gcoláiste oideachais.

Sa bhliain 2004, bhí líon iomlán na n-ionad oiliúna printíseachta isteach is amach le 10,600. Mar gheall ar athruithe san éileamh i gcás cheirdeanna áirithe, cuireadh le líon na n-ionad sna ceirdeanna tógála. Cheangail Institiúid Teicneolaíochta Shligigh conradh le coláiste breisoideachais i bhFear Manach maidir le hoiliúint bhreise phrintíseachta a chur ar fáil ar cheird na hAdhmadóireachta agus na Siúinéireachta. Tháinig laghdú ar an soláthar i gcás cheirdeanna ar nós déantúsaíocht mhiotail agus feisteoireacht mar gheall ar thitim sa líon a earcaítear.

Ar bhaint cheann an chúrsa amach go sásúil, bronntar Teastas Náisiúnta Ceardaíochta ar an bprintíseach. Tá an Roinn ag obair i gcomhar le FÁS agus na hInstitiúidí Teicneolaíochta d'fhonn modhanna a thabhairt chun cinn trína mbainfear amach rátaí críochnaithe níos airde.

Cuspóir 3.2

Cinnteofar go mbeidh an deis ag daltaí i ngach scoil litearthacht ríomhaireachta a bhaint amach chomh maith leis na scileanna atá riachtanach chun bheith rannpháirteach i Sochaí na Faisnéise.

Ó cuireadh an chéad chlár TEC de chuid na Roinne ar bun – *TEC Scoileanna 2000* – tá laghdú tagtha ar an meánchoimheas dalta/ríomhaire ó 37:1 go dtí 11.8:1 i mbunscoileanna; ó 16:1 go dtí 9.4:1 i scoileanna iarbhunoideachais agus ó 9:1 go dtí 4:1 i scoileanna speisialta. Sa bhliain 2004, láinseáil an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) cnuasach nua treoirlínte do mhúinteoirí maidir le húsáid TEC i gCuraclam na Bunscoile. Tugtar go leor samplaí sna treoirlínte de na bealaí ina bhfuil leanaí ag úsáid deiseanna TEC chun breisluacha a bhaint as a gcuid foghlama.

Úsáideann an chuid is mó de na scoileanna banda cúng PSTN nó ISDN ag ceangal leis an idirlíon. Leis an méadú atá tagtha ar úsáid na ríomhairí i scoileanna, tá an teacht ar bhanda leathan riachtanach anois chun toradh a fháil ar an infheistíocht i TEC. Eisíodh tairiscint de chuid an AE maidir le ceangal bhanda leathan do na scoileanna uile i rith na bliana 2004. Déanfar maoiniú ar an tionscadal mar chuid de chomhaontú idir an Rialtas agus Cónaidhm na Teilechumarsáide agus an Idirlín. Cuirfidh an tionscal €15m ar fáil i rith na tréimhse 2005-2007 agus cuirfear €3m ar fáil ón Státchiste.

Déanfar bainistíocht ar scaipeadh an cheangal an bhanda leathan trí ghréasán Náisiúnta Bhanda Leathan do Scoileanna faoi HEAnet. Cuirfidh sé réimse feidhmeanna taca líonra ar fáil lena n-áirítear scagadh ar ábhar, cosaint ar víorais, seirbhís bhalla dóiteáin agus aithint bhradaíle, agus córas ríomhphoist lárnach do scoileanna. Mar chuid den tionscadal, cuireadh deasc cabhrach náisiúnta do scoileanna, faoi choimirce an Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas ar tairiscint i rith na bliana 2004 chomh maith.

Ag teacht roimh an scaipeadh ar an mbanda leathan, cuireadh os cionn €18m ar fáil do 3,500 bunscoil agus scoil iarbhunoideachais i mí na Nollag 2004. Ligfidh na deontais do scoileanna cáblaí, laisc agus trealamh fhreastalaí a chur isteach a shoirbheoidh don teacht ar cheangal leis an idirlíon agus teacht i bpáirt ar acmhainní bogearra.

FOCUS
Uachtaránacht an AE

Cuspóir 3.3

Déanfar leas don fhorbairt ar an oideachas in Éirinn tríd an gcomhoibriú agus déanamh cinnidh san Aontas Eorpach, in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus go déthaobhach agus trí rannphairtíocht i gcláir agus i dtionscnaimh i réimsí an oideachais, na heolaíochta agus na hoiliúna a dtugann an tAontas Eorpach agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile cúnamh ina leith

Chuir Éire tús leis an séú tréimhse Uachtaránachta aici ar an Aontas Eorpach i mí Eanáir 2004. Ba tréimhse mórdhúshláin agus tréimhse mórdhóchais é an tréimhse sé mhí sin ag an Aontas Eorpach agus na tíortha máguaird. Ba stairiúil go deo an ní é teacht deich mBall-Stát nua isteach ar an 1 Bealtaine 2004, beart a d'fhág deighilt thiar-thoir na tréimhse tar éis an chogaidh ar lár go cinnte.

Le linn na n-athruithe móra stairiúla agus institiúideacha sin, d'fhéach Uachtaránacht na hÉireann in earnála an Oideachais, na hOiliúna agus na hÓige le dul chun cinn a dhéanamh i roinnt de na príomhréimsí polasaí.

Clár Oibre Liospóin

Is ó Chlár Oibre Liospóin a eascraíonn príomhaidhmeanna an pholasaí. Aontaíodh Clár Oibre Liospóin idir Chinn Stáit agus Rialtais na hEorpa sa bhliain 2000 d'fhonn an tAontas Eorpach a bheith ar na ngeilleagar eolasbhunaithe is mó cumais iomaíochta agus is bríomhaire ar domhan faoin mbliain 2010, in ann chuig forás eacnamaíochta inbhuaine le breis postanna agus iad ar chaighdeán níos airde, níos mó uilechuimhsitheachta sóisialta agus meas ar an gcomhshaol. Leag Uachtaránacht na hÉireann ar an AE béim ar thábhacht an oideachais agus na hoiliúna mar phríomhghnéithe den fhorás eacnamaíochta, den nuálaíocht, den mhéadú ar an bhfostaíocht agus den dlús sóisialta.

I rith an chéad Chomhairle Airí Oideachais a reáchtáladh le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE, thángthas ar aontas mar gheall ar thuarascáil eadramhach *Oideachas agus Oiliúint 2010* ina leagtar amach na príomhthreoirlínte maidir le beart a dhéanamh ag leibhéal an AE agus leibhéal an Bhall-Stáit sna blianta atá ag teacht má táthar chun spriocanna Liospóin a bhaint amach san Eoraip.

Aitheantas san Eoraip do Cháilíochtaí

Bhí sé ar cheann de na príomhtheachtaireachtaí polasaí ó Uachtaránacht na hÉireann ar an AE go bhfuil sé riachtanach dul chun cinn a dhéanamh maidir le haitheantas do cháilíochtaí agus do chumas ar fud na hEorpa ar fad maidir le margadh saothair Eorpach agus saorántacht Eorpach a theacht chun cinn. Thug Uachtaránacht na hÉireann ar an AE tús áite do dhá bheart suntasach ag leibhéal na hEorpa maidir le cáilíocht agus cumas. Fuarthas aontas polaitiúil i measc na nAirí ar bheart "Europass" ar creat aonair cháipéisí atá ann d'fhonn tréthuiscint ar cháilíochtaí agus ar inniúlacht shaoránaigh na hEorpa. D'éirigh le hUachtaránacht na hÉireann ar an AE aontas polaitiúil a fháil chomh maith ar dhréacht

Threoir chomhaontaithe maidir le haitheantas anonn agus anall ar cháilíochtaí na ngairmeacha rialáilte.

Dhírigh Uachtaránacht na hÉireann ar an AE aird chomh maith ar an ngá le Creat Cáilíochtaí Eorpach a thabhairt chun cinn bunaithe ar chreata náisiúnta d'fhonn slat tomhais i gcoiteann a bheith ar fáil maidir le haitheantas do cháilíochtaí agus ar inniúlacht. I bhfianaise an ghá a bhí le lucht oideachais agus oiliúna ar fud na hEorpa ar gach leibhéal a tharraingt san iarracht, eagraíodh comhdháil mhór, lenar bhain na príomhgheallsealbhóirí san Ardoideachas agus sa Ghairmoideachas agus sa Ghairmoilúint, i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Márta 2004. Pléadh téamaí i gcoiteann agus na bealaí a dtugtar faoin obair sa dá earnáil ag Comhdháil Bhaile Átha Cliath agus cuireadh dlús suntasach faoi Chreat Cáilíochtaí Eorpach cuimsitheach a thabhairt chun cinn.

Treoir ar feadh an tSaoil

I gcomhthéacs Straitéis Liospóin, d'aithnigh Uachtaránacht na hÉireann ar an AE go bhfuil dlúthbhaint ag an infheistíocht sa chaipiteal daonna le geilleagair den scoth a thabhairt chun cinn. Ina ainneoin sin, éilíonn cúrsaí eacnamaíochta na linne seo go mbíonn daoine in ann cinneadh a dhéanamh maidir lena saol oibre agus a gcuid deiseanna foghlama ag gach stáid dá saol.

D'eagraigh an Roinn comhdháil Airí na hEorpa i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Aibreán 2004 ar léiríodh aige an chaoi a gcuideodh teacht a bheith ar threoir ar feadh an tsaoil le spriocanna an Aontais Eorpaigh a bhaint amach. Leag na hAirí béim ar an ról a bhíonn ag an treoir ag cur feabhas ar éifeacht na hinfheistíochta san oideachas agus sa ghairmoiliúint agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil chomh maith le leas a dhéanamh i gcás sásamh an duine aonair sa saol.

D'aontaigh na hAirí maidir le réimse polasaithe, straitéisí agus bearta ag leibhéal na hEorpa i réimse na treorach a mbeidh suntas mór leo sna blianta atá ag teacht agus a mbainfidh dlúth-chomhoibriú le hobair de chuid OECD sa réimse céanna leis. Bhí comhoibriú níos dlúithe le OECD ar cheann de théamaí Uachtaránacht na hÉireann ar an AE chomh maith. Bhí comhdháil d'Airí OECD i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Márta ar cheann d'imeachtaí móra na hUachtaránachta. Pléadh caighdeán an oideachais agus ról na bpolasaithe maidir le hoideachas ar mhúinteoirí.

An Óige

Ba é príomhimeacht na hUachtaránachta arna rith ag an Roinn taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath Comhdháil na nAirí ar pholasaí Óige a heagraíodh i gCaisleán Dromoland, Co. an Chláir. Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn na comhdhála maidir le Páipéar Bán an AE ar Pholasaí Óige a thabhairt chun cinn agus réitíodh an bealach don ghlacadh ina dhiaidh sin ag Airí Óige le Rún maidir le *hUilechuimsitheacht Shóisialta agus Treoir maidir le Ciníochas* agus *Neamhmheasarthacht i ngeall le daoine óga*.

TEC san Oideachas

I mí Bealtaine, d'fhreastail teachtaí as níos mó ná 30 tír ar chomhdháil maidir lena bhfuil i ndán don fhoghlaim sa ré digiteach. Bhí de chuspóir leis an gcomhdháil scrúdú a dhéanamh maidir leis na polasaithe a theastaíonn d'fhonn cinntiú go sásaíonn TEC riachtanais an oideachais sa 21ú aois agus go ndéanann sí leas maidir le críocha atá iniomaíochta, ar an eolas agus uilechuimsitheach a thabhairt chun cinn san Eoraip.

Clár na hUachtaránachta

Chomh maith Comhairlí foirmeálta Oideachais agus Óige a reáchtáladh sa Bhruiséal faoi Uachtaránacht na hÉireann, eagraíodh réimse leathan comhdhála agus seimineáir in Éirinn ar ábhair ar nós oideachas riachtanais speisialta, gairmoiliúint agus an t-ardoideachas. Tá sonraí iomlána chlár na hUachtaránachta ar fáil ar shuíomh idirlín Uachtaránacht na hÉireann **www.eu2004.ie**

Láinseáil Uachtaránacht na hÉireann an bhliain 2004 mar Bhliain na hEorpa don Oideachas tríd an Spórt chomh maith agus eagraíodh roinnt imeachtaí ardréime i gcomhar leis an Roinn Ealaíon, Spóirt

agus Turasóireachta. Bhí béim againn ar thréithe na buntáiste sa spórt, na buanna sóisialta agus oideachais a bhaineann leis agus an ról sainiúil a fhéadann a bheith aige maidir le sláinte agus maitheas shaoránaigh na hEorpa.

Focal Scoir

D'éirigh thar cionn le hUachtaránacht na hÉireann ar an AE agus bhí reáchtáil na hUachtaránachta i réimsí an Oideachais agus na hÓige i measc na mbuaicphointí. Bhain an Roinn amach gach a raibh de chuspóirí ag baint leis an Uachtaránacht. Rinneadh dul chun cinn suntasach mar gheall ar cheisteanna a bhfuil tábhacht mhór leo dá bhfuil i ndán maidir le straitéisí oideachais agus óige taobh istigh den AE agus thángthas ar aontú polaitiúil i roinnt de na réimsí is tábhachtaí.

Cuspóir 3.4

Cabhrófar leis an gcumas iomaíocht a dhéanamh go hidirnáisiúnta a choinneáil trí fhorbairt a dhéanamh ar Éirinn mar gheilleagar faisnéisbhunaithe ceannródaíochta.

Cabhair do Chláir Taighde

An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal[1]

I rith na bliana 2004, chuir an Roinn maoiniú caipitil de €32.5m ar fáil don ÚAO chun bainistíocht a dhéanamh ar an gclár taighde seo. Is iad na príomhchuspóirí atá leis cumas taighde ardchaighdeáin a thabhairt chun cinn in institiúidí tríú leibhéal agus cúnamh a thabhairt do thaighdeoirí.

An Ciste Oideachais Eolaíochta agus Teicneolaíochta (Infheistíocht)

Bunaíodh an ciste seo sa bhliain 1997 chun an t-oideachas sa teicneolaíocht ag gach leibhéal a thabhairt chun cinn. Is í an phríomhaidhm atá leis réimsí nua beartaíochta a thabhairt chun cinn nuair a aithnítear na scileanna a bheith ag teacht chun cinn lena n-aghaidh agus an nuálaíocht a chur chun cinn.

Dáileadh os cionn €8.5m as an gciste seo i rith na bliana 2004.

An Chomhairle um Thaighde san Eolaíocht san Innealtóireacht agus sa Teicneolaíocht

Cuireann an Chomhairle seo an feabhas sa taighde ar eolaíocht, innealtóireacht agus teicneolaíocht chun cinn. Sa bhliain 2004, rinneadh leithdháileadh de €17m leis an gcomhairle. Seo a leanas dámhachtainí na bliana 2004:

Scéim	Líon na nDámhachtainí 2004
Scholarships	150
Fellowships	39
Basic	14

An Chomairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta

Bunaíodh an Chomhairle sa bhliain 2000 mar fhreagra ar an ngá a bhí le hacmhainn taighde na hÉireann agus an bonn scileanna a fhorbairt i dtimpeallacht domhanda luathathraitheach. Rinne an Roinn leithdháileadh €8 milliún leis an gcomhairle sa bhliain 2004. Seo a leanas dámhachtainí na bliana 2004:

Scéim	Líon na nDámhachtainí Nua 2004
Scéim Iarchéime	84
Scéim Iardhochtúireachta	31
Scéim Scoláireacht Thaighde Sinsearach	7
Scéim na gComhaltachtaí Taighde	16
Scéim na gComhaltachtaí Taighde Sinsearacha	12
Scéim Deontais do Thionscadail Bheaga	21

1 Déantar an beart seo a mhaoiniú faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN) 2000-2006 agus cuidíonn Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) leis faoin gCreat Tacaíochta Pobail 2000-2006 (CTP)

Sprioc Ardleibhéil 4

Caighdeáin agus Cáilíocht a fheabhsú

Féachfaimid le feabhas a chur ar chaighdeán agus ar thréithe an oideachais leis an gcleachtas is fearr a chur chun cinn sna seomraí ranga, i scoileanna, sna coláistí agus i lárionaid oideachais eile.

Cuspóir 4.1

Oibreoimid chun feabhas a chur ar cháilíocht in oideachas trí chigireacht, trí mheastóireacht agus trí phleanáil rialta a dhéanamh.

Meastóireacht Scoile agus an Chórais

I rith 2004 ba iad príomhghníomhaíochtaí caighdeán-fhócasaithe Chigireacht na Roinne ná:

- clár forleathan cigireachta agus meastóireachta a oibriú
- tuairisciú ar fheidhmiú reachtaíochta agus rialachán na Roinne
- comhairle a sholáthar do scoileanna, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí ar sholáthar oideachais, agus
- comhairle polasaí fianaisebhunaithe a sholáthar don Roinn.

Tá an mheastóireacht sheachtrach ag an gCigireacht agus na nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta inmheánacha sna scoileanna araon tábhachtach chun gairmiúlacht a chur chun cinn i scoileanna agus chun soláthar oideachais ar ardchaighdeán do dhaltaí a chinntiú.

Cigireacht i mBunscoileanna 2004	
Cigireacht ar Mhúinteoirí ar Promhadh	1,486
Tuairiscí Aonair Scoileanna (Tuairiscí Scoile)	336
Meastóireachtaí ar an Scoil Uile	53

Cigireacht in Iar-Bhunscoileanna 2004	
Cigireachtaí Ábhar	336
Meastóireachtaí ar an Scoil Uile	12

Chomh maith leis sin, chuir an Chigireacht le forbairt pholasaí na Roinne i raon réimsí, lena n-áirítear cáilíochtaí, curaclam, measúnú, oideachas múinteoirí agus oideachas speisialta.

Múinteoirí Nua-Cháilithe

D'eisigh an Roinn 1,486 tuairisc cigireachta i 2004 i ndáil le bunmhúinteorí ar promhadh. Thionscain an Chigireacht freisin staidéar cuimsitheach ar an bpróiseas promhaidh ag an mbunleibhéal agus beidh na sonraí ón athbhreithniú sin mar fhaisnéis d'fhorbairt pholasaí.

Cigireacht Ábhar

Is comhchuid mhór den chlár cigireachta bliantúla í cigireacht ábhar i scoileanna iar-bhunoideachais. I 2004, rinne an chigireacht 336 cigireacht ábhar lenar bhain níos mó ná 1,000 múinteoir iar-

bhunoideachais. Rinneadh meastóireacht ar ábhair faoi na ceannteidil soláthar agus tacaíocht don scoil uile; pleanáil agus ullmhú; múineadh agus foghlaim agus measúnú agus gnóthachan.

I 2004, foilsíodh *Inspection of Modern Languages: Observations and Issues*. Bhí an tuarascáil sin bunaithe ar anailís ar chigirechtaí ábhar san Fhraincis, sa Ghearmáinis, san Iodáilis agus sa Spáinnis agus sainaithníodh treochtaí náisiúnta foriomlána i múineadh nua-theangacha i scoileanna.

Meastóireacht ar an Scoil Uile (WSE)

Sa scoilbhliain 2003/2004, tugadh nós imeachta Meastóireachta ar an Scoil Uile isteach do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna. Ba mhórfhorbairt a bhí ansin i ndearbhú cáilíochta sa chóras agus bhí meastóireacht ar 53 bunscoil agus 12 iar-bhunscoil i gceist leis. Ba iad na réimsí a ndearnadh cigireacht orthu ná bainistíocht, pleanáil, soláthar curaclaim, múineadh agus foghlaim agus tacaíocht do mhic léinn. Bhí Boird Bhainistíochta agus Cumainn Tuismitheoirí na scoileanna páirteach ann. Fuair gach scoil tuarascáil WSE inar tugadh aitheantas do na láidreachtaí agus ina raibh moltaí do thuilleadh forbartha.

I rith 2004, rinneadh meastóireacht agus tuairisciú ar 336 bunscoil faoin samhail mheastóireachta Tuairisc Scoile. Ó 2005, beidh an tsamhail WSE ina shásra caighdeánach do chigireacht na scoileanna.

Tionscadail Mheastóireachta Fócasaithe

I 2004, rinne an Chigireacht roinnt tionscadal meastóireachta téamúla cuimsitheach a scrúdaigh caighdeán chláir oideachais agus seirbhísí roghnaithe ar fud sampla de scoileanna.

Meastóireacht Fhócasaithe i mBunscoileanna 2004	An Líon Scoileanna
Suirbhé ar Sholáthar don Lucht Siúil	30
Meastóireacht Fócasaithe ar Litearthacht agus Uimhearthacht	12
Feidhmiú Curaclaim: Béarla, Matamaitic agus Amharc-Ealaíona	86
Meastóirecht ar Phleanáil Scoile	30

Meastóireacht Fhócasaithe in Iar-Bhunscoileanna 2004	An Líon Scoileanna
Suirbhé ar Sholáthar don Lucht Siúil	6
Clár na hIdirbhliana	4
Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh	29

Áiríodh ar mheastóireachtaí fócasaithe eile a rinneadh i 2004 athbhreithniú ar sholáthar do mhic léinn le Neamhord sa Speictream Uathach. Rinne an Chigireacht meastóireachtaí freisin ar 85 cúrsa Gaeilge i gColáistí Gaeilge, agus d'eisigh sí tuarascálacha ina leith.

Meastóireacht a Nascadh le Forbairt Scoile agus Forbairt an Chórais

Is mó a bhíonn obair mheastóirechta agus chomhairleach na Cigireachta á cur i gcrích i gcomhthéacs seirbhísí tacaíochta feabhsaithe do mhúinteoirí agus do scoileanna arna mhaoiniú ag an Roinn. Áirítear leis sin Clár Tacaíochta an Churaclaim Bunoideachais, Seirbhís Tacaíochta an Dara Leibhéal, tionscnaimh Phleanáil Forbartha Scoile, an clár Forbartha Ceannaireachta do Scoileanna agus tacaíochtaí i réimse an oideachais speisialta.

Ina cuid moltaí do scoileanna, chuir an Chigireacht féinmheastóireacht agus pleanáil gnímh don athrú chun cinn agus thug comhairle do scoileanna ar shlite a bhféadfar tacaíochtaí agus saineolas atá ar fáil a úsáid chun tógáil ar na láidreachtaí atá cheana ann agus chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar bhearnaí i gcaighdeán an tsoláthair do dhaltaí.

Foilseacháin i 2004

Inspection of Modern Languages: Observations and Issues. Tá an tuarascáil ilchodach seo ar ghnéithe den chleachtas i múineadh nua-theangacha bunaithe ar thorthaí chigireachtaí ábhar i ndaichead a cúig iar-bhunscoil.

Olltuairisc ar na Coláistí Gaeilge, 2003. Tá an tuarascáil bunaithe ar mheastóireacht cúrsaí i gColáistí Gaeilge do mhic léinn atá ag foghlaim Gaeilge nó ag cur uirthi.

A Guide to Subject Inspection at Second Level. Treoir ina bhfuil samplaí de theimpléid tuairiscithe, litreacha fógra agus doiciméid eile a bhaineann le cigireacht ábhar.

Trí fhoilseachán ar Scrúdú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (SCG):

1. *Report of the Review Committee on Scrúdú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge.* Foilsithe mar *Tuarascáil an Choiste Athbhreithnithe* – athbhreithníonn an Scrúdú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge do mhúinteoirí a oileadh lasmuigh den stát.
2. *Lámhleabhar don Scrúdú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* - deartha chun cabhrú le múinteoirí ullmhú don Scrúdú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge.
3. *Siollabas Teanga don Scrúdú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* - siollabas don Scrúdú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (SCG).

Siollabais Athbhreithnithe i 2004/2005

Lean beagnach gach scoil an siollabas athbhreithnithe in Eolaíochta an Teastais Shóisearaigh le héifeacht ón 2004/05. Tugadh maolú do líon an-bheag scoileanna ar an mbonn nach raibh dóthain rochtana acu ar shaoráidí saotharlainne.

Tugadh isteach siollabais athbhreithnithe i Stair agus Tíreolaíocht na hArdteistiméireachta i 2004/05 lena scrúdú den chéad uair i 2006. Cuireadh clár oiliúna inseirbhísí ar fáil do mhúinteoirí. Scrúdófar Stair Eacnamaíochta na hArdteistiméireachta den uair deiridh i 2005.

Cuspóir 4.2

Tacóimid le forbairt agus le feidhmiú chreat oibre cáilíochtaí náisiúnta dá bhforáiltear faoi Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999 agus tacóimid le comhordú aitheantas cáilíochtaí

Sainmhíníonn an Creat Oibre Cáilíochtaí Náisiúnta an gaol idir gach dámhachtain breisoideachais agus oiliúna agus ardoideachais agus oiliúna. Tá deich leibhéal sa Chreat Oibre. Cuimsíonn na deich leibhéal dámhachtainí a fhaightear i scoileanna, san áit oibre, sa phobal, in ionaid oiliúna, i gcoláistí agus in ollscoileanna ón dámhachtain is bunúsaí go dtí na leibhéil is airde foghlama. Leis an gCreat Oibre beidh sé níos éasca comparáid a dhéanamh idir dámhachtainí ó dhlínsí difriúla. Tá forbairt na leibhéal agus na gcineálacha damhachtana cosúil le forbairtí atá ag tarlú ar fud an Aontais Eorpaigh agus lasmuigh de. Faoi phróiseas Bologna, ta Tíortha Eorpacha ag comhoibriú chun tacú le cáilíocht, trédhearcacht agus inchomparáideacht cháilíochtaí ardoideachais ar fud na hEorpa.

Dámhachtainí atá cheana ann agus Dámhachtainí a bhí roimhe seo ann a shuíomh sa Chreat Oibre

Is é an cuspóir atá leis an suíomh ná dámhachtainí atá cheana ann agus dámhachtainí a bhí roimhse seo ann a chur sa chreat oibre. Chomhaontaigh an tÚdarás Náisiúnta Cáilíochtaí agus Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC) i Márta 2004 na dámhachtainí seo a leanas atá cheana ann nó a bhí roimhe seo ann (a rinne HETAC agus/nó Comhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí Oideachais a bhí tráth ann) a chur sa Chreat Oibre Cáilíochtaí Náisiúnta:

Leibhéal 6	Teastas Cúrsa Bliana,Ard-Teastas, Teastas Náisiúnta
Leibhéal 7	Dioplóma Náisiúnta
Leibhéal 8	Céim Bhaitsiléara (3 agus 4 bliana onóracha) agus Dioplóma Céimí (tiontú)
Leibhéal 9	Dioplóma Céimí (an chéad chuid de Mháistreacht) agus Céim Mháistreachta
Leibhéal 10	Dochtúir Fealsúnachta

Tosóidh teidil dámhachtainí nua de bheith in úsáid ar fud an ardoideachais, sna hollscoileanna go léir chomh maith leis na hInstitiúidí Teicneolaíochta agus i bhforais eile a úsáideann córas dámhachtainí HETAC.

Cuspóir 4.3

Oibreoimid chun tacaíocht a thabhairt don scoth i gcáilíocht teagaisc acadúil agus foghlama san ardoideachas.

Cuireadh tús leis an gcéad athbhreithniú foirmiúil ar nósanna imeachta Dearbhaithe Cáilíochta agus ar a n-éifeachtacht i seacht n-ollscoil Éireannacha in Eanáir 2004. Tá comhthéacs an athbhreithnithe seo leagtha amach in ailte 35 agus 49 de *Acht na nOllscoileanna, 1997*. Is iad an tÚdarás um Ardoideachais (HEA) agus Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann (IUQB) a choimisiúnaigh i gcomhar an t-athbhreithniú, agus rinne Cumann Ollscoileanna na hEorpa (EUA) é. Chruthaigh an HEA freisin Painéal Tagartha Ardleibhéil de gheallsealbhóirí seachtrach ar na hollscoileanna chun comhthéacs na hÉireann a sholáthar.

Thosaigh an próiseas athbhreithnithe le gach ollscoil ag ullmhú tuarascála mionsonraithe féinmheastóireachta. Thug foireann athbhreithnithe an EUA, comhdhéanta de shaineolaithe idirnáisiúnta neamhspleácha, cuairt ar na hollscoileanna chun tuiscint ar an láthair a fháil ar an timpeallacht agus chun téagar na dtuarascálacha féinmheastóireachta a thomhas. Tar éis tuilleadh cuairteanna láithreáin roinnt míonna níos déanaí, d'ullmhaigh an fhoireann athbhreithnithe tuarascálacha ollscoile aonair agus tuarascáil earnálacha trasrannach.

Thíolaic an EUA a thuarascáil chuig an HEA i mí Feabhra 2005 agus sheol an tAire na tuarascálacha earnálacha agus aonair i 2005.

Cuspóir 4.4

Cuirfimid múinteoireacht chun cinn mar ghairm agus déanfaimid caighdeán na múinteoireachta a fheabhsú trí Chomhairle Mhúinteoireachta a bhunú.

An Chomhairle Mhúinteoireachta

Forálann An *tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001* do chaighdeáin agus polasaithe a bhunú i gcomhair oideachas agus oiliúint múinteoirí, lena n-áirítear cód iompair gairmiúil. Is faoin ngairm mhúinteoirechta féin, ag obair tríd an gComhairle Mhúinteoireachta, den chuid is mó a bheidh freagracht do cheisteanna ar nós ceanglais cháilíochta d'iontrálaithe nua, creidiúnú chúrsaí oiliúna múinteoirí agus déanamh de réir an chóid chleachtais ghairmiúil.

Tionóladh na chéad Toghcháin ar an gComhairle Mhúinteoireachta i mí na Samhna 2004. Tá 22 de na 37 suíochán ag múinteoirí ó na heanrálacha difriúla. Tagann an 15 comhalta eile ó Fhorais a bhíonn páirteach in oideachas múinteoirí, comhlachtaí bainistíochta scoileanna, cumainn tuismitheoirí náisiúnta, an tionscal agus ainmniúchain Aireachta.

Cuspóir 4.5

Cuideoimid, i gcomhthéacs Chomhaontú Aoine an Chéasta, le forbairt chomhoibrithe Thuaidh/Theas agus chomhghníomhaíochta sa réimse oideachais agus le forbairt chomhoibrithe le Ranna ábhartha i dTuaisceart Éireann, i Sasana, in Albain, sa Bhreatain Bheag agus sna Stáit Aontaithe.

I 2004, lean comhghrúpaí oibre, a bunaíodh faoin gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas, de bheith ag déanamh dul chun cinn sna réimsí seo a leanas:

Ollscoileanna Éireann

Is bratchomhlacht é Ollscoileanna Éireann a cuireadh ar bun chun comhoibriú a chur chun cinn i measc na 9 n-ollscoil ar oileán na hÉireann. Áirítear ar na réimsí ainmnithe oibre tionscadail taighde chun feabhas a chur ar chomhoibriú idirollscoileanna Thuaidh-Theas. Rinneadh coimisiúnú ar thionscadal taighde féachaint an bhféadfaí rialacháin a chomhchuibhiú, comhchéimeanna a bhronnadh agus socruithe aistrithe creidmheasanna a fhorbiart idir an 9 n-ollscoil.

An Clár Thuaidh Theas do Thaighde Comhoibríoch

Maoinítear an Clár Thuaidh Theas do Thaighde Comhoibríoch faoin PFN. Tacaíonn an Clár le taighde agus forbairt idir forais tríú leibhéal in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann agus tá fócas ar leith aige ar acmhainneachtaí taighde. Déanann an HEA bainistiú ar an gclár. Tá €5.5m leithdháilte do 21 tionscadal idirfhorasach trasteorann a thosaigh i 2003 agus a bheidh ar siúl ar feadh 2-3 bliana.

An Clár Trasteorann do Thaighde agus Forbairt

I mBealtaine 2004, seoladh Snáithe II den Chlár Trasteorann do Thaighde agus Forbairt ag cuidiú le Síocháin agus Athmhuintearas. Soláthraíonn Comhlacht Speisialta Clár an AE maoiniú de €3.1m. I Snáithe II den chlár seo beidh cúig thionscadal comhoibríoch ann ag réimsiú ó thaighde ar Chomhionannas agus Uilechuimsitheacht Shóisialta go dtí ríomh-Chomhairliúchán.

Ionad Sármhaitheasa do Leanaí le Neamhoird sa Speictream Uathach (ASD)

Tugadh ceannach Ionad Naomh Seosamh i gCoillidh Chanannáin chun críche i Meitheamh 2004. Beidh an Lárionad tiomanta d'fheabhas a chur ar dheiseanna oideachais do leanaí agus daoine óga a bhfuil ASD ag gabháil dóibh.

Soláthróidh an tIonad ceithre sheirbhís lárnacha:

- seirbhís tacaíochta foghlama (ar bhonn cónaithe)
- seirbhís measúnaithe oideachais
- seirbhís oiliúna agus comhairleach agus
- seirbhís taighde agus faisnéise uathachais.

Cuspóir 4.6

Pleanálfaimid agus soláthróimid cóiríocht chostas-oiriúnach le bheith mar bhonn taca do sheacadadh oideachais ar ardchaighdeán.

Samhail nua pleanála don bhonneagar oideachais

Is é príomhghné na samhlach nua ná foilisú Pleananna Forbartha Limistéir a leagann amach bunphlean d'fhorbairt an bhonneagair oideachais i limistéar don chéad deich mbliana eile.

Foilsíodh dréachtphleananna limistéir do cheantar Mhóinteach Mílic agus Mhaighean Rátha agus don

bhealach N4/M4 ag dul ó Léim an Bhradáin go dtí Cill Bheagáin. Ar chomhchodanna lárnacha de na Dréachtphleanna Forbartha Limistéir tá:

- Mionsonraí den soláthar bunoideachais agus iarbhunoideachais atá cheana ann
- Scrúdú ar dhéimeagrafaíocht an limistéir agus fachtóirí ábhartha eile
- Tráchtaireacht ar na sonraí
- Moltaí do sholáthar bonneagair oideachais sa limistéar don todhchaí

Foilsítear na pleananna ar láithreán gréasáin na Roinne agus iarrtar ar gach páirtí leasmhar aighneachtaí a dhéanamh agus foilsítear na haighneachtaí freisin.

Ar an bpróiseas comhairliúcháin a thabhairt chun críche, foilsíodh an plean forbartha deiridh do limsitéar Mhóinteach Mílic agus Mhaigheann Rátha i Meán Fómhair 2004. Bainfear úsáid as sna deich mbliana amach romhainn le haghaidh cinntí maoinithe caipitil ar bhonneagar oideachais.

An Clár Tógála Scoileanna

Bhí an clár tógála scoileanna is mó riamh i stair an Stáit ann i 2004. Ba é an chéad cheann é freisin a seachadadh faoin gclúdach caipitil 5 bliana don earnáil Oideachais. Liostaigh clár 2004 169 tionscadal ar mhórscála chun dul ar aghaidh chuig tairiscint agus foirgníocht. Faoi dheireadh 2004, bhíothas i mbun tógála ar 131 de na tionscadail sin agus bhí tús curtha leis an bpróiseas tairisceana nó bhí an próiseas tairisceana go maith chun cinn ar fhormhór na dtionscadal eile a bhí fágtha.

Bainistíú agus seachadadh na dTionscadal Tógála

I 2004, d'éabhlaigh an Roinn tuilleadh an fhreagracht do bhainistiú agus do sheachadadh na dtionscadal tógála scoileanna chuig na húdaráis scoileanna. Is iad údaráis na scoileanna anois a bhainistíonn gach tionscadal ar scála beag. Tugadh údarás déabhlaithe freisin do thionscadail ar mhórscála dul ar aghaidh chuig tairiscint agus tógáil laistigh de bhuiséad ceadaithe, gan gá a bheith le tarchur ar ais chuig an Roinn chun cead breise a fháil. Tá an t-aiseolas go dtí seo ó scoileanna agus ó chomhpháirtithe oideachais ar an gcur chuige déabhlaithe seo an-dearfach.

An Scéim Oibreacha Samhraidh

Tugadh isteach an Scéim Oibreacha Samhraidh i 2004 chun maoiniú a dhéanamh ar obair athchóirithe do scoileanna i rith míonna an tsamhraidh. Tugann sé deis do scoileanna bainistiú a dhéanamh ar a dtionscadail aonair ar bheagán idirghníomhú leis an Roinn, nó gan idirghníomhú ar bith. Ceadaíodh 457 scoil ar an iomlán faoi scéim seo, 299 ag an mbunleibhéal agus 158 agus an iar-bhunleibhéal.

Tionscnamh na Scoileanna Beaga

Leathnaíodh Tionscnamh na Scoileanna Beaga, modh déabhlaithe chun cóiríocht scoile a nuachóiriú i

mbunscoileanna beaga, ó 20 scoil i 2003 go dtí 50 scoil i 2004.

Tionscnamh na Cóiríochta Buaine

Tugann Tionscnamh na Cóiríochta Buaine réiteach buan ar riachtanais chóiríochta ranga scoileanna. Laghdaíonn sé an brath ar sheomraí réamhdéanta mar shlí chun déileáil le riachtanais láithreacha cóiríochta scoileanna. Leathnaíodh an scéim ó 20 scoil i 2003 go dtí 41 scoil i 2004.

Conarthaí Dear agus Tóg

Baineadh úsáid as cur chuige Dear agus Tóg i 2004 chun scoil 16 seomra ranga a chur ar fáil i Leamhcán ag tús na scoilbhliana 2004/2005. Ba 13 mí a bhí sa tréimhse ama iomlán a ghlac sé an tionscadal sin a chríochnú, am dearthа san áireamh. Tá an cur chuige seo á phíolótú anois ag leibhéal iar-bhunoideachais le scoil 1,000 dalta á forbairt i mBaile Átha Cliath 15

Tá réimse dearthaí caighdeánacha, ag bunleibhéal do scoileanna nua 8, 12 agus 16 seomra ranga agus ag iar-bhunleibhéal do Hallaí Corpoideachais, á bhforbairt freisin. Thosaigh an chéad dearadh caighdeánach díobh sin, bunscoil 16 seomra ranga i Leamhcán, ar an láthair i nDeireadh Fómhair 2004. Cuireadh tús le tógáil ceithre Halla Corpoideachais i 2004 freisin.

Cláir Leighis

Leanadh den dul chun cinn i 2004 ar chláir leighis aispeiste, radóin agus bhaint amach deannaigh.

Polasaithe Fuinnimh

Lean an Roinn de chaomhnú fuinnimh a fheabhsú i bhfoirgnimh Oideachais. Baineann cur chuige DART (Design, Awareness, Research and Technology) leis an bpróiseas seo, ag díriú isteach ar na cheithre réimse Dearadh, Feasacht, Taighde agus Teicneolaíocht.

Dearadh

Is é cur chuige na foirne deartha ag tús tionscnaimh ná feabhas a chur ar an dearadh clúdaigh theirmigh, feabhas a chur ar an dearadh grianchumhachta éigníomhaigh agus an úsáid is mó a bhaint as aerú nádúrtha agus solas an lae.

Feasacht

Tá an tSeachtain Feasachta Fuinnimh agus Scoileanna le Bratacha Glasa ar chuid de na bearta a bhíonn in úsáid chun feasacht a mhéadú. Tá sé beartaithe freisin díriú isteach níos mó ar oiliúint agus ar léiriú na gcóras bainistíochta tógála i scoileanna nua.

Taighde

Táthar i mbun oibre faoi láthair ar roinnt tionscadal taighde trí chomhpháirtíocht trasteorann leis an *Southern and Educational Library Board* in Ard Mhacha faoi chlár maoinithe InterReg.

Teicneolaíocht

Tá roinnt tionscadal maoinithe i gcomhar ag an Roinn agus ag Fuinneamh Inmharthana Éireann i réimsí ar nós aerú nádúrtha agus solas an lae feabhsaithe, teicneolaíocht an chaidil teasa a fheidhmiú, tuirbín gaoithe agus rialuithe fuinnimh níos fearr.

An Timpeallacht Thógtha

Tá Gaelscoil an Eiscir Riada i dTulach Mhór, Contae Uíbh Fhailí, ar cheann de na chéad scoileanna a tógadh ag baint úsáide as cur chuige DART. Úsáideann an foirgneamh i bhfad níos lú fuinnimh ná gnáthscoil. Beidh an coigealtas a dhéanfar in imeacht amach níos mó ná costas tosaigh na mbearta sábháilteachta fuinnimh.

Ba iad cuspóirí an fhoirgnimh scoile ocht seomra ranga seo ná:

- saoráid oideachais ar ardchaighdeán a sholáthar a bheidh oiriúnach do riachtanais a húsáideoirí

- dearadh fuinneamh íseal a bheith ag gabháil leis
- aiseolas a sholáthar don Roinn ar oibriú na scoile agus a córais
- gníomhú mar uirlis foghlama saoil a chumasaíonn an foirgeamh a bheith ina acmhainn ghníomhach foghlama do chaomhnú agus inbhuaine fuinnimh do dhaltaí agus do mhúinteoirí.

Is ann d'ardchóras bainistíochta tógála chun faisnéis a bhailiú ar fheidhmíocht an fhoirgnimh agus chun cabhrú le bainistíocht na scoile i gcoigeartú na rialaitheoirí lena chinntiú go mbíonn an diomailt is lú is féidir ar fhuinneamh. Tá taispeántas tadhalscáileáin sa chóras Bhainistiú Fuinnimh Foirgnimh agus baineann sé úsáid as carachtar cartúin ar a dtugtar Eddie an dreoilín teaspaigh chun na daltaí a spreagadh le foghlaim faoi thógáil na scoile agus mar a úsáidtear fuinneamh ann ó lá go lá.

Fuair an Gaelscoil go leor gradaim lena n-airítear Gradam Thionscnamh Comhshaoil na Bliana CIBSE, Londain 2004 agus Gradaim ó Fuinneamh Inmharthana Éireann 2004.

Tógáil Tríú Leibhéal

Fógraíodh, i mí na Samhna 2002, athbhreithniú ar na tionscadail chaipitil go léir san earnáil tríú leibhéal chun socruithe a dhéanamh do thosaíochtú agus do thabhairt isteach comhthéacs an chláir ilbhliantúil. D'fhoilsigh an Grúpa Athbhreithnithe, arna cheapadh ag an Údarás um Ardoideachais thuarascáil *Review and Prioritisation of Capital Projects in the Higher Education Sector (Tuarascáil Kelly)* i Meán Fómhair 2004.

D'athbhreithnigh an Grúpa na tograí go léir do mhórthionscadail a cuireadh isteach chuige agus roghnaíodh 93 tionscadal ar bhonn na gcritéar atá leagtha amach ina dtéarmaí tagartha. Is €933m an costas teilgthe, mar aon le suim shealadach de €50m do d'fhorbairtí idirghabhála a d'fhéadfadh tarlú ar nós éadálacha láithreáin. Mhol an Grúpa cur chuige i gceithre chéim i leith an chláir feidhmithe ag clúdach na tréimhse ó 2004 go dtí 2013. Mhol an Grúpa freisin soláthar de thart ar €60m le cur ar fáil go bliantúil chun déileail le mionoibreacha caipitil, oibreacha cothabhála leanúnacha agus amach anseo lena n-áirítear oibreacha sláinte agus sábháilteachta agus rochtana. Mhol siad freisin go gcuirfí suim bhliantúil de €75m ar fáil d'athnuachan agus do chothabháil trealaimh, comhdhéanta de mheascan de mhaoiniú Státchiste agus de mhaoiniú príobháideach.

Feidhmiú na Tuarascála

Thosaigh próiseas feidhmithe *Thuarascáil Kelly* i mí na Samhna 2004, le 15 príomhthionscadal tosaíochta le luach de ?82m ceadaithe. Aithníodh go mba thionscadail le hardtosaíocht náisiúnta a bhí sna tionscadail a roghnaíodh agus bhí roinnt saoráidí nua ina measc chun tacú le áiteanna scileanna sláinte breise a sholáthar agus áiteanna oiliúna múinteoirí a leathnú. Tugadh isteach scéim deontais déabhlaithe do mhionoibreacha caipitil in earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta.

FOCUS

Tionscadal Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí Choláiste Nua Náisiúnta Muirí na hÉireann

Ghlac Coláiste nua Náisiúnta Muirí na hÉireann i Rinn an Scidígh, Contae Chorcaí lena chéad líon mac léinn an 11 Deireadh Fómhair 2004. Is é an chéad coláiste tríú leibhéal é a tógadh agus a oibrítear faoin samhail Compháirtíochta Poiblí Príobháidí (PPP) agus féachtar air mar an fhorbairt is spreagúla agus is nuálaí in oiliúint agus in oideachas muirí sa tír seo. Tá an tionscadal neamhghnách mar go léiríonn sé comhpháirtíocht uathúil idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT) agus Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann (INS).

Tá an foirgneamh 14,000 méadar cearnach a chosain os cionn 2 mhilliún deartha mar bhloic líneach trí stóir ina bhfuil seomraí ranga, seomra aclaíochta, insamhladh saotharlainne agus ceardlanna. Tá 19 seomra ranga sa choláiste a bhfuil a n-acmhainneacht ag réimsiú ó 20 go 50. Tá acmhainneacht mac léinn de 750 aige agus leithdháileadh foirne de 60 tarraingthe ó CIT agus ón gCabhlach. Soláthraíonn an coláiste raon iomlán oiliúna chun riachtanais an loingis trádála (soláthraíonn CIT an Coláiste Náisiúnta Oiliúna Cabhlaigh Trádála in Éirinn) agus riachtanais oiliúna neamh-mhíleachta an Chabhlaigh a chomhlíonadh. Fónann an raon oiliúna a chuirtear ar fáil do speictream iomlán na hoiliúna loingseoireachta ó mhairnéalacht bunúsach go dtí Céim Onórach in Eolaíocht Loingseoireachta.

Rialachain Nua Oiliúna

I 1995, rinne an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta athnuachan ar na Rialacháin um Oiliúint agus Dheimhniú Maraithe. D'aithin na rialacháin an tábhacht a bhí le teicneolaíocht go háirithe in insamhladh ríomhaireachta, mar uirlis oideachais agus mar uirlis measúnaithe araon. Chruthaigh na rialacháin nua seo saincheist do Roinn Staidéar Loingseoireachta CIT agus don INS mar go raibh orthu uasghrádú substaintiúil a dhéanamh ar na saoráidí oiliúna chun na rialacháin nua a chomhlíonadh. I 1999, chinn Grúpa Oibre Saineolaithe Idir-Rannach go mba togra inbhuanaithe a bhí i gColáiste Náisiúnta Muirí chun freastal ar riachtanais nua oiliúna agus oideachais an INS agus an CIT. Chomhaontaigh an Rialtas leis an togra agus freisin leis an moladh gur chóir an coláiste a fhorbairt faoin samhail Chomhpháirtíochta Poiblí Príobháidí.

An tSamhail Chomhpháirtíochta Poiblí Príobháidí

Tá PPPanna an-difirúil ó na modhanna traidisiúnta fála. Go traidisiúnta, críochnaíonn rannpháirtíocht na hearnála príobháidí i dtionscadail nuair a bhíonn an tógáil críochnaithe agus nuair a thugtar an foirgneamh ar láimh. De bhrí go mbíonn conarthaí PPP ar feadh thart ar fiche cúig bliain, áfach, bíonn láimh ag an earnáil phríobháideach i dtimthriall saoil iomlán an fhoirgnimh tríd an fhreagracht d'oibriú agus do chothabháil a ailíniú leis an bhfreagracht do dhearadh agus tógáil. Bíonn an Roinn dá bhrí sin ina ceannaitheoir seirbhísí seachas a bheith ina ceannaitheoir ar shócmhainn chaipitil. Méadaítear an tarraingt don Roinn tuilleadh mar go n-íoctar an earnáil phríobháideach bunaidh ar chónascadh

d'úsáid sócmhainní, an fáil ar gcoláiste ag gach croíthráth acadúil agus i leibhéil feidhmíochta na seirbhísí i rith saolré cúig bliana fichead an tionscadail. Tugtar dreasachtaí tráchtála isteach trí aisghabháil caipitil agus brabúis don earnáil phríobháideach, ag brath ar an riachtanas agus feidhmíocht in imeacht na gcúig bliana fichead.

An Tionscadal

Tar éis próiseas tairisceana ar fud an AE cuireadh trí chuibhreannas ar ghearrliosta do dhearadh, do thógáil, do mhaoiniú agus d'oibriú an choláiste. Ba iad FocusEducation (NMC) Ltd, comhoibriú idir Bovis Lend Lease agus Halifax Bank of Scotland na tairgeoirí ar éirigh leo faoi dheiridh. Thóg FocusEducation an coláiste, d'fheistigh amach é agus anois déanann cothabháil air agus oibríonn é. Lasmuigh de na huaire fála sonraithe déanfaidh Focus na saoráidí a mhargú do thríú páirtithe. Faoin gcomhaontú PPP idir an Roinn agus Focus, fabhróidh céatadán de na tuillimh bhreise sin chuig an Stát le fritháireamh in aghaidh na gcostas leanúnach. Tar éis 25 bliana tiocfaidh an coláiste ar ais faoi úinéireacht an stáit.

Tá an seomra insamhlaidh, an ceann is mó agus is cothromaí le dáta san Eoraip, an-chuimsitheach. Is macasamhail iad an dá insamhlóir Droichid Lán-Mhisin, ceann le hamhairc 260 céim agus ceann le hamhairc 270 céim, de longa cabhlaigh agus ceannaigh. Mar chuid den chonradh PPP, tá réimsí móra den chósta agus calafoirt mhór mapáilte go digiteach agus cuirfidh sin ar chumas mic léinn, mar shampla, insamhladh a dhéanamh ar long a sheoladh isteach Cuan Chorcaí agus an long a fheistiú ag an mBunáit Chabhlaigh. Comhlánaíonn trí insamhlóir droichid cúnta agus 12 fearas insamhlaidh eile, a bheidh le húsáid do chomhordú oiliúna, cuardaigh agus tarrthála agus córais tráchta soithí agus obair loingis na hinsamhlóirí droichid lánmhisin. Chomh maith leis na hinsamhlóirí loingseoireachta, tá insamhlóir do sheomra innill iomlán ann, insamhlóirí rialú damáiste/láimhseáil lastais agus insamhlóirí GNDSS (raidió) ann. Freisin, baintear úsáid as linn mhaireachtála nua-aimseartha 20 méadar le doimhneas ag réimsiú ó chúig mhéadar go dtí 2.5 méad chun pearsanra a oiliúint i dteicnící maireachtála mara, druil rafta tarrthála agus oiliúint éalaithe faoi uisce héileacaptair.

I láthair na huaire iompraíonn longa thart ar 95% den trádail domhanda agus táthar ag tuar go ndúblóidh trácht ar muir faoin mbliain 2010. Tá sé seo, i dteannta leis na caighdeáin nua oiliúna, ag cruthú éileamh mór ar phearsanra oilte ar ardchaighdeán. Cé nach bhfuil Coláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann oscailte ach le hachar gearr tá sé ag tarraingt airde cheana féin ónár gcomhpháirtithe Eorpacha. Táthar ag súil go mbeidh dóthain spéise ón tionscal muirí in úsaid shaoráidí an choláiste d'oiliúint agus d'uasghrádú scileanna chomh maith le heagraíochtaí agus grúpaí eile ar mian leo úsáid a bhaint as saoráidí den scoth. Féachtar ar an tionscadal mar sampla iontach de chineál fála PPP.

Sprioc Ardleibhéil 5

Forbairt a dhéanamh ar an gcumas beart a thabhairt i gcrích

Tacóimid le soláthar an oideachais tríd an ardchaighdeán sa phleanáil, i gceapadh beartais agus sa tseirbhís don chustaiméir.

Cuspóir 5.1

Cruthófar cumas níos mó taobh istigh den Roinn ionas gur féidir díriú ar na croífheidhmeanna, go háirithe ar an bpleanáil straitéiseach.

Tar éis fhoilsiú Thuarascáil Cromien (athbhreithniú ar obair, chórais agus ar riachtanais foirne na Roinne), tugadh clár athchóiriú struchtúir chun cinn. Rinneadh tuilleadh dul chun cinn sa bhliain 2004 maidir leis an gclár sin a chur i bhfeidhm nuair a bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus gréasán d'Oifigí Réigiúnacha.

Oifigí Réigiúnacha

Is é ról na nOifigí Réigiúnacha cuidiú le sochaí uilechuimsitheach ón taobh sóisialta de trí ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na Roinne ar chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla oiriúnacha, eolas mar gheall ar cheisteanna oideachais a chur in iúl agus aon seirbhísí oideachais eile a chur ar fáil is fearr a chuirfí ar fáil go réigiúnach. Áirítear leis sin eolas a thabhairt maidir le ceisteanna chóiríocht scoile áitiúla.

Rinne na hOifigí Réigiúnacha ionadaíocht thar ceann na Roinne ar 33 Bord Forbartha Cathrach agus Contae, ina measc grúpaí oibre bhearta uilechuimsitheachta sóisialta.

Tá 9 gcinn de na 10 Oifig Réigiúnach bunaithe anois sna ceantair seo a leanas:

Suíomh	Limistéir Réigiúnach dá ndéantar fónamh
Corcaigh	Corcaigh, Ciarraí
Sligeach	Dún na nGall, Liatroim, Ros Comáin, Sligeach
Luimneach	An Clár, Luimneach, Tiobraid Árann Thuaidh
Port Láirge	Ceatharlach, Cill Chainnigh, Loch Garman, Tiobraid Árann Theas, Port Láirge
An Nás	Cill Dara, Cill Mhantáin
An Muileann gCearr	An Iarmhí, Laois, Longfort, Uíbh Fháilí
Tamhlacht	Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, Dún Laoghaire/Ráth an Dúin
An Uaimh	An Cábhán, Lú, An Mhí, Muineacháin
Gaillimh	Gaillimh, Maigh Eo
Fionnghlas/Baile Bhlainséir*	Cathair Bhaile Átha Cliath, Comhairle Chontae Fhine Gall

* Níl an Oifig i bhFionnghlas/Baile Bhlainséir curtha ar bun go fóill

Tascfhórsaí Drugaí Áitiúla

Sa bhliain 2004, cuireadh €3.1m de dheontas i gcabhair ar fáil do Thascfhórsaí Drugaí Áitiúla. Is ar na hOifigí Réigiúnacha atá cúram anois maidir le ról na Roinne sa Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)

Ligfidh aistriú na hoibre, a dhéantaí go dtí seo sa Roinn, go dtí an CNOS don Roinn féin forléargas a bheith aici ar an oideachas riachtanas speisialta agus cur chuige go straitéiseach maidir lena dtarlaíonn san am atá ag teacht.

Faoi dheireadh na bliana 2004, bhí 71 Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais (ERSO) ag an Roinn agus iad lonnaithe ar fud na tíre. Ligeann lonnú ERSO go háitiúil dóibh oibriú in éineacht leis na tuismitheoirí agus na scoileanna agus comhordú a dhéanamh ar sheirbhísí ar bhonn áitiúil.

Cuspóir 5.2

Earcóimid, imlonnóimid agus forbróimid comhaltaí foirne, agus tabharfaimid tacaíocht dóibh, ionas go mbeidh ar a gcumas an cion is mó is féidir leo a dhéanamh i gcultúr dea-bhainistithe atá á thiomáint ag feidhmíocht agus i dtimpeallacht oibre atá dearfach, oscailte.

Tá an Roinn ar cheann de na ranna is mó sa státseirbhís le 1,294 ball foirne sa bhliain 2004 (ionann le timpeall is 1,213 ball foirne lánaimseartha). Cé go bhfuil an chuid is mó den fhoireann lonnaithe i dtrí phríomhionad faoi láthair, tá 21% a oibríonn ón mbaile nó i ngréasán d'oifigí Réigiúnacha agus Áitiúla ar fud na tíre.

Líon Foirne – Iomlán in aghaidh an tSuímh		
Baile Átha Cliath	465	36%
Baile Átha Luain	353	27%
An Tulach Mhór	201	16%
Eile	275	21%
Iomlán	**1294**	**100%**

Dílárnú

D'aistrigh 43% den fhoireann go dtí lár na tíre i gcláir dhílárnaithe roimhe seo. Faoin gclár dílárnaithe a fógraíodh sa bhliain 2003, aistreofar ceannoifig na Roinne go dtí an Mhuileann gCearr, beart a mbainfidh dílárnú 300 post leis. Déanfar dílárnú ar 100 post eile go Baile Átha Luain.

I rith na bliana 2004, cuireadh tús leis an bpleanáil don dílárnú le bunú ghrúpa stiúrtha a dhéanfaidh an phleanáil ar struchtúr dhílárnú phoist na Roinne agus a dhéanfaidh caidreamh le hOifig na nOibreacha Poiblí maidir le riachtanais chóiríochta sa Mhuileann gCearr agus i mBaile Átha Luain. Coinnítear an fhoireann ar an eolas maidir le gach gné den chlár dílárnaithe agus cuireadh fo-choiste de Chomhairle na Roinne ar bun chun nithe atá ina n-ábhar buartha ag an bhfoireann a phlé.

Straitéis Acmhainní Daonna (AD)

Cinnteoidh gnáis bhainistíocht AD éifeachtacha go bhfuil an Roinn socraithe go maith chun feidhmiú ar a fheabhas anois agus san am atá ag teacht. Cuireadh straitéis AD don Roinn le chéile tríd an bpróiseas comhpháirtíochta agus foilsíodh é i ndeireadh na bliana 2003.

Riocht na linne ar an Státseirbhís

I measc na nithe a chuirtear i ngeall in *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn* tá úsáid níos mó a bhaint as ardú céime bunaithe ar thuillteanas inchomórtais taobh istigh de na Ranna agus lánchur-i-bhfeidhm Chóras Forbartha agus Bainistithe Feidhmíochta (CFBF). Tar éis plé le ceardchumainn na státseirbhíse, an CPSU agus an PSEU, thángthas ar aontú maidir le méadú de réir a chéile ar bhunú an ardú céime ar thuillteanas inchomórtais i rith na tréimhse 2005-2007. Mar chuid de lánchur-i-bhfeidhm an CFBF, cuireadh tús le hoiliúint ar an

bhfoireann maidir le haiseolas in airde a thabhairt isteach i mí Meán Fómhair 2004.

Tugann an Roinn tuairisc ar an dul chun cinn maidir le comhlíonadh na ngeallúintí in *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn* do Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse. I rith na bliana 2004, mheas an Grúpa go raibh dóthain dul chun cinn déanta chun ligean don íocaíocht maidir le binsemharcáil agus na harduithe pá gnáthbhabhta don fhoireann ar fad.

Cothromaíocht na hOibre-an tSaoil

Tá ceannródaíocht déanta ag an státseirbhís i dtabhairt agus i gcur pholasaithe chun cinn a bhfuil de rún leo cuidiú le baill na foirne an chothromaíocht a bhaint amach idir an saol oibre agus an saol pearsanta acu. Chomh maith leis na teidil reachtúla, tá roinnt-poist, tráth téarma agus sosanna gairme ar fáil freisin. Leathnaíodh an scéim roinnt phoist sa bhliain 2004 ionas go bhfuil rogha 9am-3pm ann anois ag an bhfoireann, chomh maith leis na pátrúin a bhí ar fáil cheana (i.e. seachtain ag obair/seachtain saor, maidneacha oibre is tráthnónta saora, seachtainí oibre 2.5, 3 nó 4 lá).

Scéim Chothromaíochta na hoibre-an tsaoil	Líon baill foirne
Work-sharing	144
Parental Leave	66
Term-time	56
Career Break	46

Oiliúint/Forbairt ar an bhFoireann

Tharla os cionn 4,600 lá oilúna i rith na bliana 2004, i réimsí ar nós TE, oiliúint i scileanna sainiúla, aiseolas in airde CFBF, forbairt phearsanta agus forbairt bhainistíochta. Bhí costas iomlán de €1.9m leis.

An Timpeallacht Oibre

D'fhág an obair mhór athchóirithe ar Theach Thír Eoghain a thabhairt chun críche go bhfuil an fhoirgneamh stairiúil sin arís ina lárphointe suntais i gCeannoifig na Roinne i Sráid Maoilbhríde. Tá an fhoireann atá bunaithe i mBaile Átha Cliath lonnaithe den chuid is mó anois i gcloigín áras Shráid Mhaoilbhríde.

Ullmhaíodh Ráiteas Sábháilteachta leasaithe i rith na bliana 2004. Is léir an bhreis tábhachta a leagtar ar cheisteanna sláinte agus sábháilteachta go ginearálta ar an ráiteas ina gcuirtear béim ar an bhfreagracht atá ar an mbainistíocht agus ar an bhfoireann araon.

Cuspóir 5.3

Tacóimid le bainisteoirí agus le comhaltaí foirne agus iad ag soláthar seirbhísí ar ardchaighdeán go héifeachtach taobh istigh de chreat straitéiseach a mbaineann luach an airgid leis.

Custaiméirí agus Seirbhísí na Roinne

Sa bhliain 2004, láinseáil an *Roinn an Plean Gníomhíochta Seirbhísí Custaiméirí* agus *Cairt Chustaiméirí 2004-2007*. Leagtar amach caighdeáin thábhachtacha seirbhíse agus an tiomantas i leith na gcustaiméirí sa Chairt Chustaiméirí. Leagtar amach na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus an dúthracht maidir le feabhas a chur ar na seirbhísí sin sa Phlean Gníomhíochta Seirbhísí Custaiméirí.

Cuireadh le chéile an Chairt Chustaiméirí agus an Plean Gníomhíochta Seirbhísí Custaiméirí trí phróiseas comhairliúcháin leathanréimseach leis an bhfoireann agus leis na custaiméirí. Sa bhliain 2004, choimisiúnaigh an Roinn suirbhé neamhspleách ar fhoireann scoile atá ag fónamh agus atá ar scor agus a íoctar tríd an tseirbhís pá-rolla. Léirigh an tsuirbhé go bhfuil líon ard (80%) atá sásta go ginearálta leis an tseirbhís agus ba é tuairim na gcustaiméirí go raibh an fhoireann cuiditheach agus eolasach.

Luaigh na custaiméirí na réimsí seo a leanas maidir le gá a bheith le feabhas orthu:

- Bheith ar fáil
- Uaireanta oibre níos solúbtha
- Freagra níos tráthúla
- Foinsí eile eolais agus comhairle, e.g., trí shuíomh idirlín na Roinne

Seirbhís Teileafóin

Sa bhliain 2004, fuarthas os cionn 1.6m glaoch teileafóin ó chustaiméirí seachtracha. Freagraíodh 80% díobh sin nó 1.3m glaoch. Feictear tábhacht thús áite a bheith i gcónaí le feabhas a dhéanamh maidir le teacht a bheith ar eolas tríd an suíomh idirlín agus gréasán na n-oifigí réigiúnacha.

Tuairimí agus Gearáin

Tá *Córas Tuairimí agus Gearán do Chustaiméirí* i bhfeidhm anois. Sa bhliain 2004, fuarthas 4 ghearán foirmiúil ó chustaiméirí agus réitíodh nithe chun sástachta gach duine.

Comhairliúchán – Your Education System (YES)

I mí Eanáir 2004, seoladh plépháipéar dar teideal *Your Education System*. Féachtar leis an bplépháipéar le léargas níos leithne a chuimsiú ná mar a fhaightear ón mbéim thraidisiúnta a bhíonn againn ar oideachas dírithe ar an scoil.

Reácháladh sraith de chruinnithe poiblí réigiúnacha ina dhiaidh sin. Díríodh sna cruinnithe sin, maille le suirbhé ar thuairimí, ar ábhair áirithe ionas go mbeadh deis ag daoine a gcuid tuairimí a chur in iúl.

Cuspóir 5.4

Soláthróimid seirbhísí Teicneolaíocht an Eolais taobh istigh den eagraíocht a threisíonn le beartais a chur le chéile agus a mheas agus le seachadadh nua-aimseartha, éifeachtach ar na seirbhísí dár gcuid cliant.

Seirbhísí TE a Threisiú agus a Fheabhsú

Coinníodh na croíchórais agus seirbhísí TE i rith na bliana 2004. Bhain oibriú na bpá-rollaí is fairsinge sa tír leis sin chomh maith le bunachar sonraí na nDaltaí Iarbhunscoile atá ina chuid lárnach de reáchtáil na Scrúduithe Stáit. Leathnaíodh seirbhísí gréasáin ríomhaireachta go dtí na hOifigí Réigiúnacha. Bhí bogearra fheidhmchláir a chuidigh leis na chéad toghcháin don Chomhairle Múinteoireachta agus córas a chuidíonn le hullmhúchán agus monatóireacht i leith chlár tógála na bhfoirgneamh scoile i meas na gcóras nua a cuireadh i bhfeidhm i rith na bliana.

Education Services Interactive (SOI) Project

Is é cuspóir an tionscadail Education Services Interactive (SOI) Project tairseach bunaithe ar an idirlíon a thabhairt chun cinn chomh maith le feidhmchláir chun seirbhísí ar-líne a thabhairt do scoileanna.

Rinneadh an fhorbairt ar an tairseach sa bhliain 2004 agus tugadh mionsonraíocht chun críche do Chóras Éileamh Ar Líne (CÉAL) agus do bhunachar sonraí Daltaí Bunscoile. Cuirfidh an CÉAL ar chumas na scoileanna éilimh phá a líonadh ar-líne maidir le laethanta nó uaireanta a chloig a d'oibrigh fostaithe scoile páirtaimeartha nó ionadaíochta, beart a tharraingeoidh íocaíocht tuarastail díreach.

Cuspóir 5.5

Soláthróimid feidhmeanna agus tacaí éagsúla airgeadais le bheith mar bonn taca do bhainistíocht fheabhsaithe airgeadais maidir le seirbhísí oideachais a chur ar fáil, lena n-airítear monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn i ndail le bearta oideachais atá á bpáirtmhaoiniú ag an Aontas Eorpach agus a thagann faoi chuimsiú an Phlean Forbartha Náisiúnta do na blianta 2000-2006.

Feabhas ar Chuntasacht agus Rialachas Airgeadais

Chuaigh an Roinn ar aghaidh le cur i bhfeidh na gceisteanna éagsúla airgeadais, cuntasachta agus rialachais a d'eascair as glacadh an Rialtais le *Tuarascáil Mullarkey* agus *tionscadal an Chreat Faisnéise*

Bainistíochta (CFB). I rith na bliana 2004, cuireadh na príomh-mholtaí i *dTuarascáil Mullarkey* i bhfeidhm go sásúil. Díríonn an tionscadal CFB ar bhearta airgeadais níos éifeachtaí a chur ar chumas Ranna chomh maith le cumas cinnte níos fearr de bharr feabhas ar na córais airgeadais. Ba é Córas Bainistíochta Airgeadais (CBA) nua na Roinne a chur i bhfeidhm an chéad chéim sa phróiseas sin.

Iniúchóireacht Inmheánach

Tá Aonad na hIniúchóireachta Inmheánaigh freagrach as éifeacht chórais rialála inmheánacha na Roinne agus na n-eagras a thagann faoina coimirce a mheas. Deimhníonn sé chomh maith go bhfuiltear ag cloí leis na córais, nósanna imeachta agus smachtbhearta cuntasaíochta atá i bhfeidhm ag an Roinn.

Sa bhliain 2004, d'eisigh Aonad na hIniúchóireachta Inmheánaigh 15 tuarascáil chríochnúil iniúchóireachta agus rinne sé obair sheiceála maidir le déanamh de réir na moltaí i dtuarascálacha iniúchóireachta críochnaithe. Chomh maith leis sin, d'eagraigh an t-aonad roinnt seimineáir eolais agus ceardlanna ar nósanna imeachta airgeadais agus bainistíochta d'fhonn an dea-chleachtas a chraobhscaoileadh sna réimsí sin.

An Plean Forbartha Náisiúnta (PFN)/Cistí Struchtúracha

Tá soláthar de €7.7b d'earnáil an oideachais mar chuid den PFN. Tá maoiniú de €456m de Chistí Struchtúracha maidir le bearta in earnáil an oideachais mar chuid de Chreat Tacaíochta an Chomhphobail Eorpaigh d'Éirinn 2000-2006.

Sa bhliain 2004, chinntigh an Roinn gur tarraingíodh anuas uasmhéid na gcistí ó Chistí Struchtúracha na hEorpa trí spriocdhátaí uile an AE a shásamh agus rialacháin an AE a chomhlíonadh. Bhain cuairteanna ar na suímh d'fhonn deimhniú fírinne na gcuntas a bhí á dtabhairt leis sin.

Cuireadh tuairiscí cuimsitheacha maidir le dul chun cinn agus cúrsaí airgeadais ar fáil chomh maith i leith na mbearta PFN ar fad do Chruinnithe an Choiste Monatóireachta gach leathbhliain in Aibreán agus Deireadh Fómhair na bliana 2004.

Cuireadh an comhlíonadh maidir le riachtanais PFN/AE chun cinn trí eolas nó treoirlínte a scaipeadh, seimineáir eolais agus éascú d'iniúchóireacht nó do chuairteanna rialála.

Cuspóir 5.6

Déanfaimid dea-chleachtas caidrimh thionsclaíoch a chur chun cinn ar fud na hearnála oideachais agus tabharfaimid spreagadh agus tacaíocht do nuachóiriú na hearnála trí phróiseas comhpháirtíochta.

Bhí cúrsaí caidrimh thionschlaígh socair i rith na bliana 2004. Faoi théarmaí *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn*, d'ullmhaigh gach Institiúid Oideachais pleananna nuachóirithe agus tugann siad tuairisc go rialta ar an dul chun cinn do Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta Earnáil an Oideachais (GFFEO). Tá an líon céanna ionadaithe ón mbainistíocht, ó na ceardchumainn agus ionadaithe neamhspleách ar an GFFEO agus tá de chúram air a mheas an bhfuil dul chun cinn leordhóthanach déanta chun go gceadófaí íocaíocht na n-arduithe pá a bhforáiltear dóibh in *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn*. I measc na gcoinníollacha is gá a chomhlíonadh, tá comhoibriú maidir le solúbthacht agus athrú leanúnach, cur i bhfeidhm sásúil ar chlár oibre na nuachóirithe, caidreamh seasmhach tionsclaíoch a choinneáil agus gan bearta tionsclaíocha a bheith ar bun sna réimsí a thagann faoi *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn*. Foilsítear an mheasúnacht a dhéanann GFFEO ar shuíomh idirlín na Roinne.

Scoilbhliain Chaighdeánaithe, Cruinnithe Tuismitheoirí/Múinteoirí

Ag teacht lena n-éilítear in *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn*, thángthas ar chomhaontú idir na páirtithe i gComhairle Réitigh na Múinteoirí maidir le caighdeánú ar na sosanna faoi Nollaig, faoi Cháisc agus sosanna lár téarma. Tháinig tús leis an gcomhaontú ón scoilbhliain 2004/2005 agus mairfidh sé go ceann ceithre bliana.

Thángthas ar chomhaontú chomh maith maidir le cruinnithe idir Tuismitheoirí agus Múinteoirí. Ba é an príomhchuspóir sa chás sin socruithe níos áisiúla a dhéanamh do thuismitheoirí agus cur leis an dea-chleachtas a bhí cheana ann.

Cuspóir 5.7

Tacóimid le riarachán feabhsaithe agus le pleanáil chun cinn trí thograí beartais agus reachtaíochta a thabhairt chun cinn agus trí bhailiú agus anailís a dhéanamh ar staidreamh ábhartha oideachais a bhailiú agus a anailísiú.

Scaipeadh agus Tiomsú Staitisticí

Foilsíodh an *Tuarascáil Staitistiúil 2002/2003* agus *Príomhstaitisticí Oideachais, 1992/93-2002/03* sa bhliain 2004. Tá sonraí cuimsitheacha iontu ar uimhreacha rolla, múinteoirí agus caiteachas ag na trí phríomhleibhéal oideachais.

Táscairí Oideachais a Thabhairt chun Cinn ag Leibhéal Idirnáisiúnt

Lean an Roinn ag cur sonraí cuimsitheacha ar fáil d'eagraíochtaí idirnáisiúnta ar nós EUROSTAT, ECFE agus UNESCO. Leanadh chomh maith d'athbhreithniú a dhéanamh ar tháscairí nua nó caighdeánta maidir le feidhmíocht oideachais i gcuid mhaith de na foilseacháin táscaire is tábhachtaí ar nós *OECD Education at a Glance Indicators* agus tuairiscí staitistiúla éagsúla de chuid EUROSTAT. Bhí cruinniú in Éirinn ag Grúpa Seasta an AE maidir le Táscairí mar chuid den chlár oibre faoi Uachtaránacht na hÉireann ar an AE.

Reachtaíocht a achtaíodh

An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Acu, 2004

Achtaíodh an *tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Acu, 2004* i mí Iúil. Leagtar amach san Acht an cur chuige ginearálta maidir le polasaí atá ag an Roinn i leith sheirbhísí oideachais a chur ar fáil do leanaí le riachtanais speisialta a eascraíonn ó mhíchumas. Déantar foráil chomh maith do sholáthar sheirbhísí dá leithéid ar bhonn riachtanas measúnaithe agus, chomh fada agus a bheadh oiriúnach i dtimpeallacht uilechuimsitheachta. Foráiltear san Acht do pháirt na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí, próiseas achomhairc a bheith ar fáil, comhordú idir seirbhísí sláinte agus seirbhísí oideachais, chomh maith le foráil don Chomhairle Náisiúnta Oideachais Speisialta sa bhunreachtaíocht.

Cuirfear an tAcht i bhfeidhm de réir a chéile as seo go ceann roinnt blianta.

Bille Áisínteacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin

Foilsíodh *Bille um Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin* i rith na bliana 2004 ina bhforáiltear do bhunú Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin, a mbeidh mar chuid den chúram air pleanáil a dhéanamh d'athlonnú de réir a chéile Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (ITBÁC) go dtí campas nua 65 acra ar shuíomh Ghráinseach Ghormáin. Cuirfidh athlonnú ITBÁC, atá scaipthe ar fud os cionn 30 suíomh éagsúil i mBaile Átha Cliath faoi láthar go dtí campas 65 acra i nGráinseach Ghormáin ar chumas na hInstitiúide seirbhísí acadúla agus tacaíochta níos fearr a chur ar fáil do ionann is 20,000 mac léinn.

Reachtaíocht Thánaisteach

Bhí siad seo a leanas i measc na reachtaíochta tánaistí a fógraíodh i rith na bliana 2004:

- Na Rialacháin um Chomhairle Mhúinteoireachta (Céadtoghadh Chomhaltaí)
- Na Rialacháin um Chomhdhéanamh na gCoistí Gairmoideachais 2004
- Feidhmeanna Aireachta a Tharmligean
- Tosach feidhme roinnt reachtanna

Próisis Achomhairc

Bord Achomhairc Foirne Bunoideachais

Bunaítear leithdháiltí múinteora do phostanna príomhshrutha i mbunscoileanna ar líon na ndaltaí ar an rolla don scoilbhliain roimh an gceann reatha. Tugann Bord Achomhairc Foirne Bunoideachais breithiúnas maidir le hachomhairc ó Bhoird Bainistíochta maidir le post múinteoireachta breise a leithdháileadh nó na postanna atá ann cheana a choinneáil. Tagann an Bord Achomhairc le chéile trí huaire in aghaidh na bliana. Sa bhliain 2004, d'éist an Bord 68 achomharc agus bronnadh acmhainní teagaisc bhreise i sé chás.

An Coiste Achomhairc Leithdháiltí Iarbhunoideachais

Is féidir le húdaráis bhainistíochta scoil iarbhunoideachais achomharc a dhéanamh mar gheall ar acmhainní teagaisc bhreise, sa chás go dtarlaíonn fadhbanna dáiríre ag freastal ar thiomantais riachtanacha curaclaim taobh istigh de ghnáthsoláthar foirne. Fóram Achomhairc neamhspleách a éisteann na hachomhairc. I rith na scoilbhliana 2004/05, d'éist an Fóram Achomhairc 166 achomharc agus bronnadh acmhainní teagaisc bhreise i 112 cás.

Bord Achomhairc um Chreidmheas Incriminteach (Bunoideachais)

D'fhéadfadh múinteoir bunscoile, le haitheantas teoranta nó sealadach, a bheith incháilithe maidir le creidmheas incriminteach i leith seirbhís múinteoireachta aitheanta taobh amuigh den Stát, agus/nó taithí ábhartha neamh-mhúinteoireachta taobh istigh den AE.

Sa chás go ndiúltaítear éileamh maidir le taithí ábhartha neamh-mhúinteoireachta taobh istigh den AE, is féidir le múinteoirí achomharc a dhéanamh le Bord Achomhairc neamhspleách. Tharla 10 n-achomharc sa bhliain 2004 agus bronnadh creidmheas incriminteach i dhá chás.

Bord Achomhairc um Chreidmheas Incriminteach (Iarbhunoideachais)

Is féidir creidmheas incriminteach a bhronnadh i leith taithí múinteoireachta roimh ré agus seirbhís ábhartha neamh-mhúinteoireachta i gcás mhúinteoirí láncháilithe, aitheanta in earnáil an iarbhunoideachais. Tagann na nithe seo a leanas faoin scéim:

- Gach seirbhís cheadaithe a rinneadh i scoileanna/coláistí a aithnítear a bheith ar a gcomhionann taobh istigh den Aontas Eorpach
- Seirbhís cheadaithe a rinneadh i mbunscoileanna agus i gcoláistí tríú leibhéal
- Bronnadh creidmheasa i leith achar oiliúna, seirbhís mhúinteoireachta agus seirbhís neamh-mhúinteoireachta ábhartha do mhúinteoirí páirtaimseartha ar an mbonn céanna le múinteoirí lánaimseartha.

Sa bhliain 2004, d'éist an Bord Achomhairc um Chreidmheas Incriminteach 9 n-achomharc. Bronnadh creidmheas incriminteach iomlán i dhá chás agus tugadh aitheantas neamhiomlán i dhá chás eile.

Nós imeachta maidir le hAthbhreithniú ar Chigireacht ar Scoileanna agus Múinteoirí faoi Alt 13(9) an Achta Oideachais, 1998

Is féidir le múinteoir nó le bord scoile iarraidh ar an bPríomhchigire athbhreithniú a dhéanamh ar aon chigireacht a dhéanann difear do mhúinteoir nó don scoil. Baineann próiseas an athbhreithnithe le gach measúnú agus tuairisc seachas iad sin a éilítear de réir na nósanna imeachta atá i bhfeidhm faoi láthair i gcás mhúinteoirí a bhfuil deacrachtaí gairmiúla acu. Rinneadh dhá athbhreithniú le linn na bliana 2004. Aontaíodh leis an gcigireacht i gcás amháin agus leasaíodh tuairisc na cigireachta sa dara cás.

Bord Achomhairc um Iompar Scoile

Bunaíodh Bord Achomhairc neamhspleách a thugann deis do thuismitheoirí nó caomhnóirí achomharc a dhéanamh i gcoinne chinnidh sa chás go measann siad gur cuireadh téarmaí na Scéime Iompair Scoile i bhfeidhm san éagóir i gcás linbh dá gcuid. Is cinneadh críochnaitheach é cinneadh an Bhoird. Tharla 44 achomharc sa bhliain 2004 agus aontaíodh le 3 chás achomhairc.

Cinntí maidir le Fionraí agus Clárú ar rolla – Alt 29 an Achta Oideachais

Tá de cheart ag tuismitheoirí (agus daltaí a bhfuil 18 bliain slán acu) faoi *Alt 29 an Achta Oideachais, 1998* achomharc a dhéanamh i gcás chinneadh de na cineálacha seo a leanas a dhéanamh ag bord bainistíochta na scoile:

- Dalta a choinneáil amach as an scoil go buan
- Dalta a chur ar fionraí ón scoil ar feadh tréimhse a d'fhágfadh an tréimhse fionraí carnach ag 20 lá scoile i rith aon scoilbhliana amháin, nó
- Diúltú dalta a chur ar an rolla.

Sa chás go n-aontaítear le hachomharc, tá dlite ar an scoil socruithe a dhéanamh maidir le clárú an dalta ar an rolla nó a ligean ar ais sa scoil de réir mar is cuí.

Is é an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (BNLO) an comhlacht poiblí ar a bhfuil cúram maidir le tinreamh scoile. Is féidir leis an mBord cuidiú le tuismitheoirí a bhfuil sé deacair acu ionad a aimsiú i scoil dá leanbh agus tabharfar tús áite do chásanna inar diúltaíodh d'achomharc faoi Alt 29.

Tá fás tagtha ar líon na n-achomharc gach bliain. Próiseáladh 253 achomharc i rith na bliana 2004, ardú de 55% i gcomparáid leis an mbliain 2003. Seo a leanas sonraí maidir le hachomhairc na bliana 2004:

Iarbhunscoil	Tarraingíodh siar	Socraíodh go háitiúil	Idirghabháil	Aontaíodh ag an Éisteacht	Diúltaíodh ag an Éisteacht	Iomlán
Coinneáil amach go buan	8	1	16	10	18	53
Diúltú Clárú	19	10	19	33	31	112
Fionraíocht	2	0	0	1	2	5
Bunscoil						
Coinneáil amach go buan	0	0	0	0	2	2
Diúltú Clárú	19	3	11	35	11	79
Fionraíocht	0	0	0	1	1	2

Aitheantas do Bhunscoileanna Nua

De réir *Alt 10 an Achta Oideachais, 1998*, féadfaidh an tAire ó am go chéile scoil nó scoil a bheartaítear a ainmniú ina scoil aitheanta faoin reachtaíocht.

Is féidir le lucht curtha chun cinn na scoile achomharc a dhéanamh maidir leis an gcinneadh le Bord Achomhairc, sa chás go meastar gur cuireadh na Critéir agus na Nósanna Imeachta maidir le hAitheantas a Thabhairt do Bhunscoileanna Nua i bhfeidhm ar bhealach éagórach, míchuibheasach i gcás na scoile sin acu féin.

Aguisín 1

Cairt Eagraíochtúil don Roinn



Aguisín 2

Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinn

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

22 Plás Mhic Liam,
Baile Átha Cliath 2

(01) 634083I

An Coimisiún um Chóiríocht Scoile

Urlár 3, Teach 28,
Sráid Maoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1

(01) 8892347

Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC)

East Point Plaza,
Páirc Ghnó na Rinne Thoir,
Baile Átha Cliath 3.

(01) 8659500

Gaisce – Dámhachtainí an Uachtaráin

Tithe an Stáit,
Caisleán Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2

(01) 4758746

An tÚdarás um Ardoideachas

An 3ú Urlár, Marine House,
Cúirt Chlann Liam,
Baile Átha Cliath 2.

(01) 6612748

Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC)

26-27 Lána Denzille,
Baile Átha Cliath 2

(01) 6314567

Léargas - An Biúró Malartaithe

189-193 Sráid Parnell,
Baile Átha Cliath 1

(01) 8731411

An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas

Urlár 1, 42/43 Sráid na Prúise,
Baile Átha Cliath 7

(01) 8690715

An Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath,
Glas Naíon,
Baile Átha Cliath 9

(01) 7008200

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

24 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2

(01) 6617177

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

1-2 Sráid an Mhuilinn,
Baile Átha Troim,
Co. na Mí

(046) 9486400

An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais

16-22 Sráid na Faiche,
Baile Átha Cliath 7.

(01) 8738600

Oifig Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ard-oideachas

Urlár 1, Brooklawn House,
Plás Crampton,
Bóthar Shíol Bhroin,
Droichead na Dothra,
Baile Átha Cliath 4

(01) 6612748

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

An 5ú Urlár, Teach Jervis,
Sráid Jervis,
Baile Átha Cliath 1

(01) 8871500

An Coimisiún um Scrúduithe Stáit

Cor na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí

(090) 6442700

Auguisín 3

Mionsonraí Teagmhála

OIFIGÍ RÉIGIÚNACHA NA ROINNE

Contae Bhaile Átha Cliath Theas
(Contae Bhaile Átha Cliath Theas & Dún Laoghaire /Ráth an Dúin)
Áras an Chontae, Cearnóg Belgard Thuaidh,
Cearnóg an Bhaile, Tamhlacht,
Baile Átha Cliath 24
(01) 4635500

Réigiún Chill Dara/Chill Mhantáin
Bloc A, The Maudlins,
Bóthar Bhaile Átha Cliath,
An Nás, Co. Chill Dara
(045) 848500

Réigiún Lár na Tíre
(An Iarmhí, Laois, Longfort, Uíbh Fháilí)
Bóthar Friar's Mill,
An Muileann gCearr,
Co. na hIarmhí
(044) 37000

Réigiún an Iarthair Láir
(An Clár, Luimneach, Tiobraid Árann Thuaidh)
Bóthar Ros Uí Bhriain,
Punch's Cross,
Luimneach
(061) 430000

Réigiún an Oirthuaiscirt
(An Cábhán, Lú, An Mhí, Muineacháin)
7 Sráid Trimgate,
An Uaimh,
Co. na Mí
(046) 9067410

Réigiún an Iarthuaiscirt
(Dún na nGall, Liatroim, Sligeach)
Kempton Promenade,
Sráid an Droichid,
Sligeach
(071) 9135700

Réigiún an Oirdheiscirt
(Ceatharlach, Cill Chainnigh, Loch Garman, Tiobraid Árann Theas, Port Láirge)
Páirc Ghnó Johnstown,
Port Láirge
(051) 310000

Réigiún an Deiscirt
(Corcaigh, Ciarraí)
Páirc Ghnó Heritage,
Bóthar Bessboro,
Machain,
Corcaigh
(021) 4536300

Réigiún an Iarthair
(Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin)
Plás Victoria,
Gaillimh
(091) 864500

AN PHRÍOMHOIFIG/RIARACHÁN

An tAonad Cumarsáide
(01) 8892341

An Oifig Preasa – Fiosruithe ó na Meáin
(01) 8892162/8892322

Oifig an Ard-Rúnaí
(01) 8892280

Oifig an Aire
(01) 8892335

Oifig an Aire Stáit
(01) 8892301

Saoráil Faisnéise
(01) 8892240/8896462

Seirbhísí Corparáideacha agus Inmheánacha
(01) 8896400

POLASAÍ AGUS DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

Polasaí Curaclaim (Dara Leibhéal)
(01) 8095020

An tAonad um Chomhionannas Inscní
(01) 8896458

An tAonad um Polasaí TEC
(01) 8896414

Iniúchóireacht Inmheánach
(01) 8892090

An tAonad Idirnáisiúnta agus an tAonad um Chomhoibriú Thuaidh/Theas
(01) 8892379

Aonad na gCáilíochtaí
(01) 8896539

An tAonad um Shásamh i leith Foras Chónaithe
(01) 8896574

An tAonad um Shásamh i leith Foras Chónaithe/ Saoráil Faisnéise
(090) 6483625

An tAonad um Uilechuimsitheacht Shóisialta
(01) 8892382

An tAonad Staitisticí
(01) 8892403

An tAonad um Ghnóthaí Ógra
(01) 8892179

SEIRBHÍSÍ FOIRGNÍOCHTA

An tAonad um Fhoirgníocht Scoileanna
(057) 9324300

An tAonad um Pleanáil Scoileanna
(057) 9324476/9324466

An tAonad um Fhoirgníocht Tríú Leibhéal
(057) 9325402/9324407

AIRGEADAS NA nAONAD FOIRGNÍOCHTA

Caipiteal Airgeadais Iarbhunoideachais
(057) 9324343

Caipiteal Airgeadais Bhunoideachais
(057) 9324318

Caipiteal Airgeadais Tríú Leibhéal
(057) 9324344

SEIRBHÍSÍ DO MHÚINTEOIRÍ AGUS D'FHOIREANN SCOILE
SEIRBHÍSÍ PÁ-ROLLA

TUARASTAIL A ÍOC LE:

Múinteoirí Iarbhunoideachais
(090) 6484161

Múinteoirí Bunoideachais Buana agus Sealadacha
(090) 6483600

Múinteoirí Bunoideachais Ionadaíochta
(090) 6484146

Múinteoirí ar scor
(090) 6483995

Oifigigh Cléireachais, Airígh
(090) 6483728

Cúntóirí Riachtanas Speisialta
(090) 6484136

RÁITEAS TUILLIMH AGUS ATHEISIÚINT SEICEANNA:

Múinteoirí Bunoideachais agus Iarbhunoideachais
(090) 6484164

Múinteoirí ar scor, CRS, Oifigigh Cléireachais agus Airígh
(090) 6484141

SEIRBHÍSÍ PINSIN

Múinteoirí Bunoideachais
(090) 6483993

Múinteoirí Scoileanna Dara Leibhéal
(090) 6483994

Cúntóirí Riachtanas Speisialta
(090) 6484005

Coistí Gairmoideachais, Institiúidí Teicneolaíochta, Coláistí Oiliúna
(090) 6483658

SEIRBHÍSÍ PEARSANRA

MÚINTEOIRÍ IARBHUNSCOILE

Leithdháiltí
(090) 6483998

Polasaí Pearsanra agus Tuarastail
(090) 6484091/6484092

Cáilíochtaí
(090) 6483832/6483808

Clárú
(090) 6483991

MÚINTEOIRÍ BUNOIDEACHAIS

Polasaí Pearsanra agus Tuarastail
(090) 6483600

Cáilíochtaí
(090) 6483733

Clárú agus Promhadh
(090) 6484122

Liúntais Chéime do Mhúinteoirí Bunoideachais
(090) 6483978

SEIRBHÍSÍ PEARSANRA ar lean

MÚINTEOIRÍ IARBHUNSCOILE

Saoire Staidéir Fhadtéarmach
(090) 6483978

SEIRBHÍSÍ EILE

Caidreamh leis an bhFoireann Sheachtrach
(01) 8892410

An Brainse Oiliúint Mhúinteoirí
(01) 8095018

SEIRBHÍSÍ SCOILE

RIARACHÁN IARBHUNOIDEACHAIS

Achomhairc faoi Alt 29 maidir le Fionraíocht, Díbirt agus Diúltú Clárú
(057) 9324377

Gearáin, Bulaíocht, Disciplín i Scoileanna Iarbhunoideachais
(057) 9324328

Díolúintí ó Choinníollacha Gaeilge
(057) 9324331

Athdhéanamh Bliana
(057) 9324331

MAOINIÚ AGUS DEONTAIS

Maoiniú do Scoileanna Pob. & Cuim. agus Foireann Neamh-mhúinteoireachta
(057) 9324336

Buiséid, Deontais agus Foireann Neamh-mhúinteoireachta Coistí Gairmoideachais
(057) 9324338

Deontais Meánscoileanna Deonacha
(057) 9325406

Leabhair Scoile do Dhaltaí ar an nGannchuid
(01) 8892360

Cláir Churaclaim Dara Leibhéal
(01) 8892038/8892041

RIARACHÁN BUNOIDEACHAIS

Riarachán Bhoird Bainistíochta
(090) 6484122

Gearáin, Bulaíocht, Disciplín i mBunscoileanna
(090) 6484122

Coláistí Samhraidh
(090) 6483737

MAOINIÚ AGUS DEONTAIS

Airígh, Rúnaithe, Caipitíocht, Tionscnamh na Nua-Theangacha
(090) 6483978

RIACHTANAIS SPEISIALTA/UILECHUIMSITHEACHT SHÓISIALTA

Scoileanna Coinneála Leanaí
(090) 6483770

Míbhuntáiste Oideachais ag Leibhéal Bunoideachais
(090) 6483772/6483775

Scoileanna Speisialta Géartaca & Tionscadail Teagmhála Óige
(090) 6483765

Múinteoirí Tacaíochta Foghlama agus Scoileanna Speisialta
(090) 6483754/56/59

An Clár um Chríochnú Scoile
(090) 6483766/6484096

Iompar Scoile
(057) 9324356

SEIRBHÍS NÁISIÚNTA SICEOLAÍOCHTA OIDEACHAIS (SNSO)

Ceannoifig
24/27 Sráid Frederick Thuaidh,
Baile Átha Cliath 1
(01) 8892700

RÉIGIÚN AN OIRTHIR
Oifig Réigiúnach Chluain Dolcáin
50 Bóthar an Túir, Cluain Dolcáin,
Baile Átha Cliath 22
(01) 4614824

Oifig Áitiúil an Náis
Maudlins Hall, Bóthar Bhaile Átha Cliath,
an Nás, Co. Chill Dara
(045) 848504

Oifig Réigiúnach na Carraige Duibhe
An 3ú Urlár, Trident House, An Charraig Dhubh,
Contae Bhaile Átha Cliath
(01) 2833028

RÉIGIÚN LÁR NA TÍRE
Oifig Réigiúnach an Mhuilinn gCearr
Friars Mill Road, An Muileann gCearr,
Co. na hIarmhí
(044) 37004

RÉIGIÚN AN IARTHUAISCIRT
Oifig Réigiúna Shligigh
Westward Centre,
Sráid an Droichid, Sligeach
(071) 9141322

RÉIGIÚN AN OIRTHUAISCIRT
Oifig Réigiúnach na hUaimhe
43 Canon Row, An Uaimh,
Co. na Mí
(046) 9093310

Oifig Áitiúil Dhroichead Átha
Eastát Tionsclaíochta Bhóthar Dhún Uabhair,
Droichead Átha, Co. Lú
(041) 9876940

RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT
Oifg Réigiúnach Phort Láirge
108 An Ché, Port Láirge
(051) 850358

Oifg Réigiúnach Chluain Meala
f/ch An Scoil Ghairmoideachais, Bóthar an Ráithín,
Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann
(052) 25833

RÉIGIÚN AN DEISCIRT
Oifg Réigiúnach Chorcaí
Bloc C, Páirc Ghnó Heritage,
Machain, Corcaigh
(021) 4536358

Oifig Áitiúil Thrá Lí
Cluain an Lobhair, Páirc na Darach,
Trá Lí, Co. Chiarraí
(066) 7180671

RÉIGIÚN AN IARTHAIR

Oifg Réigiúnach na Gaillimhe
Plás Victoria, An Fhaiche Mhór,
Gaillimh
(091) 864518

Oifg Áitiúil Chaisleán an Bharraigh
Sráid Thomáis, Caisleán an Bharraigh,
Co. Mhaigh Eo
(094) 9028310

OIFIGÍ NA CIGIREACHTA

Áras Irish Life, 1a An Meal Theas,
Corcaigh
(021) 4906011

Sráid Maoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1
(01) 8896553

An 3ú Urlár, Teach Rosa,
Bóthar na gCeannaithe, Gaillimh
(091) 568922

Bóthar Ros Uí Bhriain, Punch's Cross,
Luimneach
(061) 430004

Kempton Promenade, Sráid an Droichid,
Sligeach
(071) 9143218

SEIRBHÍSÍ BREISOIDEACHAIS AGUS ARDOIDEACHAIS

Cúnamh Airgeadais do Mhic Léinn ag dul faoi Bhreisoideachas agus Ardoideachas
(057) 9325317

BREISOIDEACHAS

Treoir sa Bhreisoideachas d'Aosaigh
(01) 8896409

Litearthacht d'Aosaigh/Oideachas Pobail
(01) 8896431

Comórtais Scileanna Náisiúnta
(01) 8892072

Iar-Ardteistiméireacht (PLC)
(01) 8892428/8892431

Clár Oiliúna don Lucht Siúil Sinsearach
(01) 8892427

Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS)
(01) 8892076

Youthreach
(01) 8892427

ARDOIDEACHAS

An Rannóg Polasaí, Taighde agus Eolaíocht (Ollscoileanna)
(01) 8892220

An Rannóg Teicneolaíochta agus Oiliúna (Institiúidí Teicneolaíochta)
(01) 8892165

Auguisín 4

Plean Forbartha Náisiúnta/Creatlach Tacaíochta Pobail 2000-2006

NDP

Tá na bearta seo a leanas de chuid na Roinne Oideachais & Eolaíochta á maoiniú faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006;

Clár Oibriúcháin um Fhostaíocht agus Fhorbairt Acmhainní Daonna

- Luathoideachas
- Luathlitearthacht
- Oideachas don Lucht Siúil
- Seirbhís Treorach Scoile
- Nua-Theangacha Scoileanna
- Oiliúint Iontrála Earnála - Turasóireacht (Oideachas)
- Printíseacht
- Integrate Ireland Language and Training Ltd (an tAonad Tacaíochta Teanga do Dhídeanaithe roimhe sin)
- Foghlaim ar Feadh an tSaoil- Seirbhísí Tacaíochta Breisoideachais
- Oiliúint Earnála Leanúnach - Oideachas Turasóireachta
- Teicneoir Meánleibhéil/Scileanna Ardteicníochta Gnó
- Cúrsaí Tiontaithe Iarchéime
- Oiliúint Oiliúnóirí- Bunoideachas, Iar-bhunoideachas & Breisoideachas
- Dearbhú Cáilíochta (lena n-áirítear Oiliúint Oiliúnóirí)
- Bonneagar Oideachais

Clár Oibriúcháin na hEarnála Táirgíochta

- Tacaíocht Bhunúsach do Thaighde & Cumarsáid
- Taighde Aonair agus Tionscadal-bhunaithe
- Taighde san Earnáil Teicneolaíochta
- Taighde Straitéiseach (Reatha)

Clár Oibriúcháin Réigiúnach an Deiscirt & an Oirthir agus Clár Oibriúcháin Réigiúnach na Teorann, Lár Tíre & an Iarthair

- Tionscadail Speisialta don Óige faoi Mhíbhuntáiste
- Scéim Dheontas d'Fhaisnéis don Óige
- Scéim Dheontas do Sheirbhísí Óige

NDP/CSF

Tá na bearta seo a leanas de chuid na Roinne Oideachais & Eolaíochta a maoiniú faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 agus páirtmhaoinithe ag an Aontas Eorpach;

Clár Oibriúcháin um Fhostaíocht agus Fhorbairt Acmhainní Daonna

- An Tionscnamh um Chríochnú Scoile
- Rochtain Tríú Leibhéal
- Luathfhágálaithe Scoile – Dul Chun Cinn
- Luathfhágálaithe Scoile – Youthreach agus an Lucht Siúil
- Foghlaim ar Feadh an tSaoil - An Tionscnamh chun Filleadh ar Oideachas
- Foghlaim ar Feadh an tSaoil – Straitéis Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh
- Scileanna Fochéime
- Dearbhú Cáilíochta/an Creat Oibre Náisiúnta Cáilíochtaí & Teastasú
- Tionscnamh Comhionannas Oideachais
- Cur Chun Cinn & Monatóireacht Comhdheiseanna

Clár Oibriúcháin na hEarnála Táirgíochta

- Taighde Straitéiseach – (Caipiteal)